Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta

Carmel Nic Eoin M.A., H.D.E., H.D.E.M.

Meán Fómhair 2017

Tuairisc taighde ar son Comhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta

Admhálacha

Ba mhaith leis an údar a buíochas a ghabháil leis na scoileanna, leis na múinteoirí agus leis na scoláirí uile a ghlac páirt go fonnmhar agus go flaithiúil sa taighde seo. Ba mhaith léi freisin a buíochas a ghabháil le hElaine Ní Neachtain, Oifigeach Oideachais leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, as a treoir i rith an taighde.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Clár Ábhar

Cúlra agus Comhthéacs 2
Cúlra 2
Réasúnaíocht an taighde 2
Aidhm agus scóip an taighde 2
Roghnú scoileanna 3
Cur chuige modheolaíochta 5
Ceistneoir na múinteoirí 5
Grúpaí fócais múinteoirí 5
Ceistneoir na scoláirí 5
Guth an Scoláire 5
Amlíne 6
Difríochtaí uainiúcháin idir comhlánú cheistneoirí na múinteoirí agus comhlánú cheistneoirí na scoláirí 6
Difríochtaí uainiúcháin idir comhlánú cheistneoirí na múinteoirí agus cúpla cruinniú grúpa fócais 6

Achoimre Fheidhmeach 7
An próiseas sealbhaithe teanga labhartha (An Bóthar i dTreo na Béaltrialach) 7
Líon na marcanna: ceist inspreagtha, muiníne agus imní 7
Cuir chuige teagaisc agus foghlama 7
Tionchar ar chodanna eile an chúrsa 8
Tionchar ar an leibhéal páipéir a roghnaíodh 9
An Bhéaltriail féin 9
Comhdhéanamh na Béaltrialach 9
Deis labhartha 10
Moltaí maidir le feabhas agus forbairt 10
Leas fadtéarmach na Béaltrialach 11
Sealbhú teanga fadtéarmach 11
Forbairt scileanna breise 11
Tionchar na leasuithe ar líon na scoileanna a thug faoin mBéaltriail Roghnach 11

Fócas Cainníochtúil - Suirbhé na múinteoirí 12
An turas i dtreo na Béaltrialach 12
Líon na marcanna agus inspreagadh 12
Cuir chuige teagaisc agus foghlama 12
Tionchar ar chodanna eile an chúrsa 14
Tionchar an an leibhéal páipéir a roghnaíodh 14
An Bhéaltriail féin 16
Comhdhéanamh na Béaltrialach 16
Deis labhartha 18
Moltaí maidir le feabhas agus forbairt 19
Tionchar fadtéarmach na Béaltrialach 20
Sealbhú teanga fadtéarmach 20
Forbairt scileanna breise 20

Fócas Cáilíochtúil - Grúpaí Fócais na múinteoirí 21
An turas i dtreo na Béaltrialach 21
Inspreagadh 21
Pleanáil 22
Sainullmhuchán do na Sraitheanna Pictiúr 23
Páipéar 1 agus an Bhéaltriail a fhí le chéile 23
Gníomhaíochtaí cumarsáideacha éagsúla 23
An Bhéaltriail féin 24
An Bhéaltriail mar uirlis mheasúnaithe 24
Moltaí leis an mBéaltriail a dhéanamh níos éifeachtaí fós mar uirlis mheasúnaithe 25
Leas fadtéarmach na Béaltrialach 25
Sealbhú fadtéarmach 25
Ceisteanna breise 26
Spreagradh chun tabhairt faoin mBéaltriail Roghnach? 28
Tiochar ar leibhéal páipéir 29

Fócas Cainníochtúil: Suirbhé na scoláirí 30
An turas i dtreo na Béaltrialach 30
Líon na marcanna agus inspreagadh 30
Cuir chuige teagaisc agus foghlama 30
An cúrsa Gaeilge ina iomláine 31
Tionchar ar an leibhéal páipéir a roghnaíodh 33
An Bhéaltriail féin 33
Comhdhéanamh na Béaltrialach 33
Deis Labhartha 34
Moltaí maidir le feabhas agus forbairt 35
Tionchar fadtéarmach na Béaltrialach 36
Sealbhú teanga fadtéarmach 36
Forbairt scileanna breise 36

Fócas Cáilíochtúil: Guth an Scoláire 37
An turas i dtreo na Béaltrialach 37
Ullmhúchán 37
Comhairle 38
Deis labhartha 38

Conclúidí 40

Impleachtaí 41

AGUISÍNÍ 42

Cúlra agus Comhthéacs

Cúlra

Bhí cúig chuid sa scrúdú Gaeilge Ardteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) a mhair ó 1969 go 2011: Béaltriail, Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Litríocht agus Léamhthuiscint. Ag an nGnáthleibhéal, thuill an Bhéaltriail 25% de na marcanna, an Chluastuiscint 20%, an Cheapadóireacht 20%, an Litríocht 18% agus an Léamhthuiscint 17%. Ag an Ardleibhéal, thuill an Bhéaltriail 25%, an Chluastuiscint 17%, an Cheapadóireacht 17%, an Litríocht 30% agus an Léamhththuiscint 12%. Ag an mBonnleibhéal, bhí 25% de na marcanna ag dul don Bhéaltriail, 30% don Chluastuiscint agus 45% don Pháipéar Scríofa.

Athraíodh leithdháileadh na marcannna i 2012. D'fhógair Imlitir 0042/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna na mórathruithe ar riar na marcanna a bhronnfaí ar ghné na Béaltrialach i scrúdú na hArdteistiméireachta le héifeacht ó 2012 (agus ó 2010 i scrúdú an Teastais Shóisearaigh). Mhéadófaí na marcanna don Bhéaltriail ag an Ardleibhéal, ag an nGnáthleibhéal agus ag an mBonnleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta ó 25% go 40%. Laghdófaí na marcanna don chluastuiscint go 10% ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon agus laghdófaí iad ó 30% go 20% ag an mBonnleibhéal. Laghdófaí na marcanna don Cheapadóireacht ó 20% go 17% ag an nGnáthleibhéal fad is nach dtiocfadh aon athrú orthu ag an Ardleibhéal. Laghdófaí na marcanna don Litríocht ó 18% go 17% ag an nGnáthleibhéal i gcomórtas le laghdú ó 30% go 17% ag an Ardleibhéal. Ní thiocfadh aon athrú ar líon na marcanna a bhronnfaí ar an Léamhthuiscint ag an nGnáthleibhéal fad is a d'ardófaí iad ó 12% go 17% ag an Ardleibhéal. Ag an mBonnleibhéal, laghdófaí na marcanna don pháipéar scríofa ó 45% go 40%.

Thug Imlitir 0042/2007 le fios go gcuirfí an scéim mharcála nua seo i bhfeidhm dóibh siúd a dhéanfadh scrúdú na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh. Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge i Samhradh 2007 chun tacú le múinteoirí na leasuithe a fógraíodh san Imlitir a chur i bhfeidhm, " ... an t-athrú béime suntasach i leith na Gaeilge mar theanga labhartha a chur chun cinn, a chuirfidh ar chumas na scoláirí cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh astu féin agus faoina mbeidh an Ghaeilge á labhairt gach lá i scoileanna". Cuireadh an tacaíocht seo – seimineáir lae, ceardlanna tráthnóna, cúrsaí cónaithe, cuairteanna scoile, comhdhálacha náisiúnta, nuachtlitreacha, tacaíocht arlíne, srl. – ar fáil thar thréimhse sé bliana, 2007 – 2013.

Réasúnaíocht an taighde

Nuair a ardaíodh líon na marcanna do Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh go 40% i 2012, bhí tionchar aige seo, ní hamháin ar líon na marcanna a bronnadh ar chodanna eile an ábhair e.g. an triail chluastuisceana, an rannóg léamhthuisceana, an cúrsa litríochta, srl., ach ar na modheolaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaíthe a bheadh in úsáid sa seomra ranga chun tacú leis na hathruithe. Agus na leasuithe curtha i bhfeidhm thar thréimhse ceithre bliana, coimisiúnaíodh an taighde seo le hiniúchadh a dhéanamh ar a n-éifeacht i gcomhthéacs Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta[1] go sonrach.

Aidhm agus scóip an taighde

An mhór-cheist taighde a fiosraíodh ná taithí, dearcthaí agus peirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm sa Bhéaltriail Ghaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh. Chun tabhairt faoi seo, rinneadh iniúchadh ar na trí mhór-réimse a leanas atá bainteach go dlúth leis an bpríomhcheist taighde seo:

1 Is é scrúdú na hArdteistiméireachta traidisiúnta amháin atá i gceist sa taighde seo. Ní phléitear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

An **próiseas foghlama/sealbhaithe teanga labhartha** .i. an 'bóthar i dtreo na Béaltrialach'. I ngeall ar an ardú suntasach marcanna a bhí i gceist sa Bhéaltriail, aithníodh go raibh impleachtaí láidre anseo don chaoi a n-ullmhófaí di agus, dá bharr sin, breathnaíodh ar an bpróiseas foghlama agus teagaisc a bhí ar siúl ag foghlaimeoirí agus ag múinteoirí araon. Sa chomhthéacs seo, rinneadh iniúchadh ar inspreagadh, ar mhuinín agus ar rannpháirteachas na scoláirí sa phróiseas foghlama agus, ina theannta sin, scrúdaíodh tionchar na leasuithe ar na straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a úsáideadh sa seomra ranga.

Dearcthaí i leith na Béaltrialach **mar uirlis mheasúnaithe ar inniúlacht labhartha na scoláirí.** Breathnaíodh ar ábharthacht, ar indéantacht agus ar oiriúnacht an scrúdaithe mar uirlis a thástálann cumas labhartha scoláirí agus ar an gcaoi a gcuireann an scrúdú le hinniúlacht sa teanga labhartha

An **leas fadtéarmach** a bhaineann leis an mBéaltriail. Breathnaíodh ar shealbhú teanga labhartha (murab ionann agus foghlaim i gcomhair scrúduithe) agus ar fhorbairt phríomhscileanna. Tagraíonn príomhscileanna do na scileanna a theastaíonn le gur féidir le duine a bheith inniúil, tionscantach agus cruthaitheach agus le gur féidir leo leas a bhaint as an iliomad deiseanna atá ar fáil i tsochaí nua-aoiseach atá ag síor-athrú. I gcomhthéacs an taighde áirithe seo, cuimsíonn sé seo, inter alia, an fhoghlaim fhadsaoil, a bheith ábalta páirt a ghlacadh i saol oibre trí mheán na Gaeilge, a bheith ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i bpobal na Gaeilge agus cur leis.

Ina theannta sin, rinneadh iniúchadh ar:

- Tionchar na Béaltrialach ar an rogha páipéir scrúduithe a dhéanfadh na scoláirí i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2016.
- Tionchar na leasuithe ar ghnéithe eile de na Siollabais Ghaeilge.
- Tionchar na leasuithe ar líon na scoileanna a thug faoin mBéaltriail Roghnach don Teastas Sóisearach.

Roghnú scoileanna

Ionas go mbainfeadh bailíocht leis an taighde seo, níor mhór scoileanna a roghnú as na comhthéacsanna oideachais éagsúla atá sa tír: scoileanna faoi choimirce na mBord Oideachais agus Oiliúna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus scoileanna príobháideacha. Ach, d'fhonn na torthaí is iomláine agus is críochnúla a fháil ar na sainréimsí taighde thuasluaite, níor mhór scoileanna a roghnú as na comhthéacsanna teangeolaíocha éagsúla atá ann freisin: scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla, Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta. Toisc go bhfuil comhthéacsanna Gaeilge T1 agus T2 sna scoileanna éagsúla seo, níor mhór sampláil ionadaíoch a dhéanamh sna comhthéacsanna go léir leis an gceist taighde a fhreagairt ina hiomláine.

Fíor 1: Comhthéacsanna Teangeolaíocha

Chuimsigh an tsampláil fiche scoil san iomlán: seacht scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla, seacht nGaelcholáiste agus sé scoil Ghaeltachta (Fíor 1). Tuigtear, i bhfianaise líon na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla sa tír, nach bhfuil líon ionadaíoch scoileanna i gceist sa tsampláil. Caithfear a mheabhrú, áfach, gur sampláil bhreithiúnais atá i gceist, ar mhaithe le haidhmeanna sainiúla an taighde a bhaint amach.



Fíor 2: Raon Tíreolaíoch

Bhí meascán de chineálacha scoile, de mhéideanna scoile agus de shuímh scoile i ngach ceann de na trí mhór-réimse seo. Maidir le raon tíreolaíoch na scoileanna, tá ceithre cinn lonnaithe i mBaile Atha Cliath, trí cinn i lár na tíre, trí cinn i dtuaisceart na tíre, sé cinn in iarthar na tíre, trí cinn i nDeisceart na tíre agus ceann amháin cois teorann (Fíor 2).



Fíor 3: Cineálacha Scoile

Maidir le cineálacha scoile, ghlac naoi scoil atá faoi choimirce na mBord Oideachais agus Oiliúna páirt sa taighde, sé mheánscoil dheonacha, trí phobalscoil, scoil chuimsitheach amháin agus scoil phríobháideach amháin (Fíor 3).

Bhí ceithre scoil DEIS i measc na scoileanna chomh maith le scoil amháin a bhfuil Sruth Gaeilge inti go leibhéal an Teastais Shóisearaigh.



Cur chuige modheolaíochta

Bhí idir mhodheolaíocht chainníochtúil agus cháilíochtúil in úsáid sa taighde seo. Úsáideadh ceistneoirí leis na múinteoirí agus leis na scoláirí rannpháirteacha, eagraíodh grúpaí fócais múinteoirí agus rinneadh sampláil fhócasaithe i bhfoirm 'ghuth an scoláire' i gcás na scoláirí. D'fhonn indéantacht, intuigtheacht agus ábharthacht na gceistneoirí a thástáil, píolótaíodh ceistneoir na múinteoirí agus ceistneoir na scoláirí in dhá scoil, ceann amháin T1, ceann eile T2 agus athraíodh friotal na gceistneoirí dá bharr sin.

Ceistneoir na múinteoirí

Tugadh ceistneoir ar-líne *(SurveyMonkey)* do na múinteoirí rannpháirteacha - pé múinteoir Gaeilge a bhí ag múineadh an rang Gaeilge Ardteistiméireachta a roghnaíodh don taighde - san fhiche scoil ag deireadh mhí Feabhra. Iarradh ar na múinteoirí seo machnamh a dhéanamh ar a dtaithí mar mhúinteoirí Gaeilge grúpa scoláirí a theagasc agus a ullmhú don Bhéaltriail. Bunaíodh na ceisteanna ar na mór-réimsí taighde thuas-luaite agus eagraíodh iad, den chuid is mó, faoi na trí réimse: an turas i dtreo na Béaltrialach, an Bhéaltriail féin agus leas fadtéarmach na Béaltrialach (Aguisín 1).

Grúpaí fócais múinteoirí

D'fhonn eolas níos mine agus níos soiléire a bhailiú, eagraíodh cruinnithe réigiúnacha leis na múinteoirí thuas go luath i ndiaidh chomhlánú na gceistneoirí, an chéad choicís i mí Márta. D'fhreastail trí dhuine dhéag ar na cruinnithe seo. Léiríonn Aguisín 2 na réimsí ceisteanna a pléadh ag na cruinnithe: iarcheisteanna breise a thóg ar chuid de na ceisteanna sa cheistneoir le tuilleadh soiléirithe agus eolais a fháil. Eagraíodh na grúpaí fócais seo go réigiúnach ar mhaithe leis an obair a bhainistiú go héifeachtúil chomh maith le gnéithe canúnacha/réigiúnacha a aithint, dá mb'ann dóibh, agus bhí meascán comhthéacsanna i ngach grúpa.

Ceistneoir na scoláirí

Reáchtáladh Béaltrialacha 2016 i rith na coicíse 11 - 22 Aibreán. Tugadh ceistneoir ar-líne *(SurveyMonkey)* do na scoláirí rannpháirteacha díreach ina dhiaidh sin, an tseachtain dheireanach de mhí Aibreáin. Cloíodh leis na réimsí agus leis na cineálacha céanna ceisteanna a cuireadh ar na múinteoirí d'fhonn peirspictíocht chuimsitheach a fháil ar ghnéithe éagsúla de thaithí na Béaltrialach (Aguisín 3). Tugadh na ceistneoirí céanna do gach scoil, beag beann ar chomhthéacs teangeolaíoch nó eile. Dála cheistneoir na múinteoiri, bhí meascán de cheisteanna ilroghnacha, ceisteanna le scála grádúcháin agus ceisteanna le freagraí dropdown ann. Lorg roinnt ceisteanna tuilleadh eolais tríd an gceist "Cén fáth?" nó "Inis tuilleadh" le tuilleadh soiléirithe/eolais a fháil. D'fhreagair céad, seachtó a trí scoláire an ceistneoir ach níor fhreagair gach scoláire gach aon cheist: bhí cúig cheist ann a d'fhreagair gach duine ach seachas iad siúd, bhí éagsúlacht áirithe i líon na bhfreagróirí.

Guth an Scoláire

Arís eile, bhí deis bhreise ag scoláirí cur leis na freagraí a thug siad sna ceistneoirí. Thug an taighdeoir cuairt ar thrí scoil le comhthéacsanna an-éagsúla (scoil uirbeach DEIS, Gaelcholáiste i lár na tíre agus scoil Ghaeltachta) le 'guth an scoláire' a chloisteáil, .i. le deis a chur ar fáil cuid de na mórcheisteanna sa cheistneoir a chíoradh go grinn (Aguisín 4). Bualadh le trí scoláire is tríocha. Dála ghrúpaí fócais na múinteoirí, eagraíodh na cuairteanna seo go réigiúnach le gnéithe canúnacha/réigiúnacha a aithint, dá mb'ann dóibh.

Amlíne

Tábla 1: Amlíne an taighde

DÁTA/TRÉIMHSE	GNÉ DEN TAIGHDE
Meán Fómhair - Nollaig 2015	Pleanáil agus roghnú scoileanna
Eanáir 2016	Píolótú na gceistneoirí
Feabhra 2016	- Teagmháil leis na scoileanna rannpháirteacha - Comhlánú cheistneoirí na múinteoirí
Márta - Bealtaine 2016	Grúpaí fócais na múinteoirí
11 – 22 Aibreán 2016 Béaltrialacha Gaeilge na hArdteistiméireachta	
Aibreán - Bealtaine 2016	- Comhlánú cheistneoirí na scoláirí - Cuairteanna scoile: 'guth an scoláire'
Samhradh 2016	Anailísiú sonraí
Geimhreadh 2016	Dréachtú agus scríobh suas na tuarascála
Earrach 2017	Foilsiú na tuarascála

Difríochtaí uainiúcháin idir comhlánú cheistneoirí na múinteoirí agus comhlánú cheistneoirí na scoláirí

I ngeall ar uainiú na mBéaltrialacha agus i ngeall ar a róil éagsúla sa phróiseas ullmhúcháin don Bhéaltriail, comhlánaíodh ceistneoirí na múinteoirí agus na scoláirí ag amanna beagán éagsúil. Ag aithint ualach oibre múinteoirí Gaeilge ag an am seo den bhliain agus ag aithint a dtaithí ó 2012 ar an mBéaltriail leasaithe, chríochnaigh siadsan a gcuid ceistneoirí ag deireadh Fheabhra. Críochnaíodh ceistneoirí na scoláirí díreach i ndiaidh na mBéaltrialacha ionas go mbeadh a dtaithí úrnua agus lánbhrí. Cé gur tugadh na cineálacha céanna ceisteanna sa dá cheistneoir, d'fhéadfaí éagsúlachtaí áirithe a bheith ann i ngeall ar an difríocht uainiúcháin sin. Aithnítear na héagsúlachtaí seo sa tuarascáil, nuair a bhaineann sé le hábhar.

Difríochtaí uainiúcháin idir comhlánú cheistneoirí na múinteoirí agus cúpla cruinniú grúpa fócais

Toisc nár oir an tsaintréimhse do na cruinnithe grúpaí fócais do gach múinteoir, níor mhór dhá chruinniú a reáchtáil roinnt seachtainí níos déanaí. Arís, i ngeall ar an difríocht uainiúcháin seo, d'fhéadfaí éagsúlachtaí áirithe a bheith ann idir tuairimí agus dearcthaí na ngrúpaí éagsúla ach, arís eile, aithnítear na héagsúlachtaí seo sa tuarascáil nuair is cuí.

Achoimre Fheidhmeach

Déantar achoimre thíos ar na mór-phointí aiseolais ó na foinsí taighde uile, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil. Déantar é i gcomhthéacs na mór-réimsí taighde.

An próiseas sealbhaithe teanga labhartha (An Bóthar i dTreo na Béaltrialach)

Líon na marcanna: ceist inspreagtha, muiníne agus imní

Ar an iomlán, thuairiscigh 87% de mhúinteoirí sna ceistneoiri gur chothaigh an 40% spreagadh seachas imní sna scoláirí. D'aontaigh 92% de na scoláirí leis seo. I ngrúpaí fócais na múinteoirí, bhí sé níos cothroime idir spreagadh agus imní. Maidir le himní, ba iad na Sraitheanna Pictiúr – a mhéad díobh atá ann agus tuiscint na scoláirí go gcaithfear iad a bheith foghlamtha de ghlanmheabhair – ba chúis leis seo, seachas an 40% ann féin, go háirithe i gcás na scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla. Tagraíodh freisin don éagsúlacht chastachta ábhair atá sna Sraitheanna. Foinse imní eile, dar leo, ab ea giorracht fhad na Béaltrialach féin agus a ghaire is a bhí sí do reáchtáil na mBéaltrialacha sna nua-theangacha eile. I gcás na scoileanna Gaeltachta agus na nGaelcholáistí i gcoitinne, dúradh gur chothaigh an 40% spreagadh láidir sna scoláirí. Arís, sna cuairteanna scoile leis na scoláirí, bhí an deighilt idir spreagadh agus imní maidir le comhthéacs teangeolaioch na scoile níos dealraithí: chothaigh an Bhéaltriail agus an líon marcanna a bhí ag dul di an-chuid imní do na scoláirí ón scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla agus níor bhain siad mórán taitnimh as an bpróiseas ullmhúcháin i rith a gcúrsa staidéir. Níor chothaigh líon ard na marcanna don Bhéaltriail aon imní do scoláirí an Ghaelcholáiste ná na scoile Gaeltachta. Maidir le líon idéalach na marcanna ba chóir a bhronnadh ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta, thug 62% de na múinteoirí agus 66% de na scoláirí le fios sna ceistneoirí gurbh é 40% an céatadán ceart.

Cuir chuige teagaisc agus foghlama

Thuairiscigh 81% de na múinteoiri sna ceistneoirí gur thosaigh siad ag cothú scileanna labhartha na scoláirí agus ag ullmhú ar bhealach fadtéarmach don Bhéaltriail ag tús an chúigiú bliain. Tosaíodh ar na Sraitheanna Pictiúr a ullmhú, ach go háirithe, go luath sa chúigiú bliain i ngach scoil. I bhformhór na scoileanna, rinneadh, ar an meán, deich sraith pictiúr sa chúigiú bliain agus deich gcinn sa séú bliain. Bhí difríocht shuntasach idir freagraí na múinteoirí agus freagraí na scoláirí: níor thuairiscigh ach 37% de na scoláirí gur thosaigh siad ag ullmhú ar bhealach fadtéarmach don Bhéaltriail ar scoil ag tús an chúigiú bliain. Ceist pheirspictíochta atá anseo, an chúis is dóchúla leis ná nár aithin gach foghlaimeoir go raibh an múinteoir ag cothú scileanna labhartha, ag comhtháthú na scileanna éagsúla nó ag soláthar deiseanna cumarsáide ar fud an churaclaim Ghaeilge.

Dúirt 76% de na múinteoirí sna ceistneoirí gur úsáideadh an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide an tseomra ranga. Ar na straitéisí ba choitianta eile a úsáideadh, luaigh 71% straitéisí gníomhfhoghlama, dúirt 62% gur thug siad nótaí do na scoláirí maidir leis na sraitheanna pictiúr le foghlaim de ghlanmheabhair agus dúirt 57% gur caitheadh an-chuid ama ar fhreagraí a chleachtadh don Chomhrá. Sonraíodh cuir chuige ar leith: Ciorcal Comhrá uair amháin sa tseachtain ag am lóin, giotaí físeáin ar www.tuairisc.ie, múinteoir eile ag cur béaltrialach orthu, obair bheirte/ghrúpa, léarscáileanna intinne, srl. Sna grúpaí fócais, labhair siad tuilleadh faoin gcaoi ar smachtaigh na Sraitheanna Pictiúr an t-ullmhúchán don Bhéaltriail. Dúirt roinnt díobh freisin go leagann siad an-bhéim ar an obair do Pháipéar 1 - Ceist na Ceapadóireachta, ach go háirithe - agus don Bhéaltriail a fhí le chéile, .i. múintear struchtúir theanga, foclóir,

gnéithe ábharthacha den ghramadach, srl. a chumasaíonn na scoláirí don cheist Cheapadóireachta agus don Bhéaltriail araon. Níor tagraíodh do na tacaíochtaí a chuir an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge ar fáil ach glactar leis go raibh tionchar acu ar na straitéisí a bhí in úsáid. Cás ar leith ab ea na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Murab ionann agus na scoileanna eile, a chaith cuid mhaith ama ar struchtúir agus ar fhoclóir a mhúineadh le gnáthchomhrá a scafláil, leag na múinteoirí sna scoileanna seo béim láidir ar shaibhreas Gaeilge na scoláirí agus ar inniúlacht ghramadaí a fhorbairt.

Dúirt 80% de na scoláirí nárbh ionann an chaoi ar oibrigh an múinteoir Gaeilge leo fad a bhí siad ag ullmhú don Bhéaltriail agus an chaoi ar oibrigh sé/sí leo i réimsí eile den chúrsa, fianaise láidir gur aithin na foghlaimeoirí na straitéisí teagaisc ar leith a bhí in úsáid don tsainchuid seo den scrúdú Gaeilge. Labhair go leor díobh faoin mbéim ar na deiseanna labhartha agus gníomhaíochtaí cumarsáideacha. Chuir 72% in iúl gur bhain siad taitneamh as an am a chaith siad sa seomra ranga Gaeilge ag ullmhú don Bhéaltriail. Thaitin labhairt na teanga le go leor díobh, ach go minic sa fhreagra céanna, léiríodh an mhíshástacht a bhraith siad i leith na Sraitheanna Pictiúr agus bhí macalla den ghearán "is fuath liom na sraithpictiúrí" a rinne scoláire amháin le sonrú ar fud na gceistneoirí agus na gcuairteanna scoile. Nocht na cuairteanna scoile difríochtaí idir na comhthéacsanna T1 agus T2: bhain an scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla úsáid as straitéisí foghlama éagsúla ar nós cleachtadh comhrá, ach ba í an fhoghlaim de ghlanmheabhair, go háirithe ó thaobh na Sraitheanna Pictiúr de, an modh foghlama ba choitianta a úsáideadh. I gcás an Ghaelcholáiste agus na scoile Gaeltachta, i ngeall ar inniúlacht labhartha na scoláirí, ní raibh an modh foghlama seo chomh leitheadúil céanna. Bhí sé in úsáid go pointe áirithe maidir leis na Sraitheanna Pictiúr ach is sainfhoclóir agus nathanna cainte saibhre a bhí á bhfoghlaim seachas sleachta iomlána nótaí do gach pictiúr.

Maidir leis an méid ama a chaith foghlaimeoirí lasmuigh den seomra ranga ag iarraidh a scileanna labhartha féin a fhorbairt, ní raibh múinteoirí ar aon aigne faoi seo sna ceistneoirí. Cheap 50% díobh gur chaith scoláirí 'roinnt' ama air seo i gcomórtas le 45% a cheap gur beag am a caitheadh air. Bhí na scoláirí níos dearfaí maidir lena gcuid iarrachtaí féin: dúirt breis agus 42% díobh go ndearna siad 'tréan-iarracht' a gcuid scileanna labhartha a chur chun cinn lasmuigh den seomra ranga, dúirt 37% go ndearna siad iarracht 'mheasartha', duirt 14.5% go ndearna siad iarracht 'lag' agus thug 6% le fios nach ndearna siad aon iarracht in aon chor. Thagair roinnt scoláirí don easpa deiseanna a bhí acu Gaeilge a úsáid lasmuigh den scoil agus is dócha gurbh é seo an constac ba mhó a bhí acu le bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha.

Tionchar ar chodanna eile an chúrsa

Tá réimsí staidéir ilghnéitheacha ar an gcúrsa Gaeilge Ardteistiméireachta: cluastuiscint, léamhthuiscint, ceapadóireacht, litríocht, Béaltriail, srl. Thuairiscigh 47% de na múinteoirí sna ceistneoirí go gcaitheann siad an méid is mó ama ar an ullmhúchán don Bhéaltriail (sé scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, Gaelcholáiste amháin agus dhá scoil Ghaeltachta), dúirt 25% díobh go gcaitheann siad an méid is mó ama ar mhúineadh na litríochta, caitheann 15% formhór an ama ar an gceapadóireacht agus 10% ar an ngramadach/cruinneas na Gaeilge. Ar an mórgóir, ní raibh difríocht ró-shuntasach eatarthu siúd a cheap gur fhág an 40% easpa ama do mhúineadh chodanna eile an chúrsa Gaeilge (52%) agus iad siúd a cheap nár chothaigh sé dúshláin ama (48%). Chothaigh an cheist seo plé an-bhríomhar i measc na ngrúpaí fócais. Cé go raibh 40% ag dul don Bhéaltriail, bhraith formhór na múinteoirí sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla, ach go háirithe, nár laghdaigh an t-ísliú marcanna i gcodanna eile an chúrsa méid na hoibre a bhí fós le déanamh iontu. Maidir le múinteoirí i nGaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta, is é an easpa dúshláin sa chúrsa litríochta seachas an t-ísliú marcanna ann féin do chodanna eile an chúrsa lasmuigh den Bhéaltriail a chothaigh a gcuid míshástachta. Bhí gach múinteoir an-mhíshásta leis an gcúrsa litríochta: na múinteoirí sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla le hábhar an chúrsa agus na múinteoirí sna scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge le hábhar, le heaspa dúshláin agus le giorracht an chúrsa.

Bhí peirspictíocht na scoláirí suimiúil sa chomhthéacs seo. Thug 24% díobh le fios sna ceistneoirí gur caitheadh an méid is mó ama sa rang Gaeilge ar an litríocht (múinteoirí 25%). Cheap 20% gur caitheadh ar an gCeapadóireacht é (múinteoirí 15%). Ach, bhí difríocht shuntasach idir aiseolas na scoláirí agus na múinteoirí maidir leis an am a caitheadh ar an ullmhúchán don Bhéaltriail: 47% de na múinteoirí ag rá go gcaitheann siad an méid is mó ama air seo i gcomórtas le 17% de na scoláirí. Mar a luadh cheana, ceist pheirspictíochta atá anseo, an chúis is dóchúla leis ná nár aithin na foghlaimeoirí gach iarracht a bhí ar siúl ag na múinteoirí scileanna labhartha a chothú ar fud an chúrsa mar ullmhúchán don Bhéaltriail. Cheap 28.4% de na scoláirí gur sholáthair an cúrsa Gaeilge ina iomláine dúshlán láidir dóibh agus dúirt 57% gur sholáthair sé dúshlán cuí dóibh. Díol suntais, ámh, líon na bhfoghlaimeoirí -15% - a dúirt nár sholáthair sé dóthain dúshláin dóibh.

Tionchar ar an leibhéal páipéir a roghnaíodh

Dúirt 60% de na múinteoirí (43% de na scoláirí) sna ceistneoirí gur spreag an 40% na scoláirí leis an bpáipéar Ardleibhéal a roghnú ach dúirt 30% (33% de na scolairí) nach raibh aon tionchar aige in aon chor. Dúirt formhór na muinteoirí sna grúpaí fócais, áfach, nach bhfuil an t-ardú marcanna ag imirt móran tionchair ar líon na scoláirí atá ag tógáil páipéir ar leith (Ardleibhéal/Gnáthleibhéal) sa scrúdú Gaeilge. Sna Gaelcholáistí agus sna scoileanna Gaeltachta, ach go háirithe, is beag difríocht a fheictear i líon na scoláirí atá ag tabhairt faoin bpáipéar Ardleibhéal le blianta beaga anuas i gcomparáid le roimh 2012: dhéanadh agus déanann fós formhór na scoláirí seo an páipéar Ardleibhéal. Léiríodh díomá i measc na scoileanna seo faoin gcaoi nach bhfeictear aon athrú suntasach .i. ardú grádanna sna torthaí a fhaigheann a gcuid scoláirí.

An Bhéaltriail féin

Comhdhéanamh na Béaltrialach

Spreagann an éagsúlacht chodanna atá sa Bhéaltriail na scoláirí ar bhealach an-dearfach ó thaobh suime, muiníne agus díograise de, dar le múinteoirí agus scoláirí araon. Ceapann breis agus 90% de mhúinteoirí agus scoláirí araon go gcabhraíonn an Fáiltiú leis na scoláirí socrú síos. Cuid thábhachtach den Bhéaltriail is ea Léamh na Filíochta, dar le 75% de mhúinteoirí agus 79% d'fhoghlaimeoirí.

Ag cur san áireamh míshástacht mhúinteoirí agus scoláirí ó gach comhthéacs scoile ar fud an taighde maidir leis na Sraitheanna Pictiúr, díol iontais ab ea líon na múinteoirí - 70% - agus líon na scoláirí - 52% - sna ceistneoirí a cheap gur thug an tSraith Pictiúr deis mhaith d'fhoghlaimeoirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Is dócha gur baineadh brí litriúil as an gceist ach nuair a tháinig sé go dtí gné fheicthe/neamhfheicthe na bPictiúr, cothaíodh plé agus léiríodh míshástacht. Cheap leath na múinteoirí ar fad agus 38% de na scoláirí nár chóir go mbeadh na Sraitheanna feicthe roimh ré. Ba iad na fáthanna a bhí leis seo ná an chaoi ar chothaigh sé seo nós na foghlama de ghlanmheabhair - modh a chothaigh an-bhrú i ngeall ar a mhéad díobh a bhí ann agus a chothaigh frustrachas i measc cainteoirí dúchais/líofa toisc nár léirigh sé inniúlacht labhartha. Cáineadh freisin an éagsúlacht chaighdeáin a bhí sna Sraitheanna ach ba é an t-ábhar gearáin ba mhó thar aon ní eile ná líon na Sraitheanna Pictiúr. Maidir le sainullmhúcháin do na Sraitheanna Pictiúr, dúirt 57% de mhúinteoirí agus 56% de scoláirí gur meascán de dhá chur chuige a úsáideadh - tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair.

Maidir leis an gComhrá, dúirt beagnach 81% de mhúinteoirí agus 90% de scoláirí gur cheap siad gur thug an Comhrá deis mhaith do scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Díobh siúd a d'easaontaigh, labhraíodh faoi scóip theoranta ábhar na gceisteanna agus an easpa ama don chuid seo den scrúdú. Maidir le cuir chuige teagaisc agus foghlama ginearálta don Chomhrá, dúirt 57% de mhúinteoirí agus 42% de scoláirí gur meascán de dhá chur chuige a úsáideadh - tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair. Tugadh réimse straitéisí eile a úsáideadh mar ullmhúchán don Chomhrá, e.g. ciorcail chomhrá, suímh idirlín ar nós teg.ie, tuairisc.ie, srl.

Deis labhartha

Maidir le fad na Béaltrialach, thuairiscigh 47% de mhúinteoirí agus 36% de scoláirí sna ceistneoirí go raibh an Bhéaltriail "gearr go leor" nó sin, "i bhfad ró-ghearr". Sna grúpaí fócais agus sna cuairteanna scoile, bhí an dearcadh seo i bhfad níos láidre. Níor thuairiscigh ach 14% de mhúinteoirí agus 10% de scoláirí sna ceistneoirí go raibh sí "fada go leor". Cheap 51% de scoláirí ag rá go raibh sí "díreach an fad ceart" ach níor aontaigh ach 29% de na múinteoirí leis sin. Ar an iomlán, shásódh Béaltriail níos faide idir mhúinteoirí agus scoláirí.

Maidir le dúshlán cuí a bheith sa Bhéaltriail, thuairiscigh dhá thrian de na múinteoirí ar fad sna ceistneoiri gur thug sí dúshlán cuí d'fhoghlaimeoirí. Bhí trí Ghaelcholáiste agus cúig scoil Ghaeltachta i measc na bhfreagróirí anseo. Ní raibh an t-aiseolas chomh dearfach sin sna grúpaí fócais áit ar cáineadh an ghiorracht ama, an ghríosacht chun foghlama de ghlanmheabhair chomh maith le hintuarthacht agus cúinge ábhar na gceisteanna a cuireadh sa Chomhrá. Bhí sé ar an gcuma chéanna do na scoláirí: tromlach - 62% - sna ceistneoirí ag tuairisciú gur thug an Bhéaltriail dúshlán cuí dóibh ach tromlach sna cuairteanna scoile ag gearán faoin am teoranta, gné na cuimhne, saorgacht phróiseas foghlama agus measúnaithe na Sraitheanna Pictiúr agus cineál na gceisteanna sa Chomhrá. Sa scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla, i ngeall ar ghiorracht ama na Béaltrialach, braitheadh díomá nach bhfuarthas deis níos mó den ábhar a bhí foghlamtha acu don chomhrá a thaispeáint. Dúirt lucht an Ghaelcholáiste ach go háirithe go raibh sé míchothrom go raibh na Sraitheanna Pictiúr ar fáil roimh ré, rud a lig do chainteoirí i scoileanna Béarla gach rud a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus gnóthachtáil chomh maith céanna leo siúd a bhí líofa sa teanga. Ba é an t-ábhar gearáin ba mhó a bhí ag lucht na scoile Gaeltachta ná an t-am ró-ghearr a mhair an Bhéaltriail.

Moltaí maidir le feabhas agus forbairt

Is féidir na moltaí a chuir múinteoirí agus scoláirí araon chun cinn a achoimriú mar seo

MOLADH	CEISTNEOIR NA MÚINTEOIRÍ 20 MÚINTEOIR	CEISTNEOIR NA SCOLÁIRÍ 173 SCOLÁIRE	GRÚPAÍ FÓCAIS 13 MÚINTEOIR	GUTH AN SCOLÁIRE 33 SCOLÁIRE
Líon na Sraitheanna Pictiúr a laghdú	3	32	11	Moladh d'aonghuth
Deireadh a chur leis na Sraitheanna Pictiúr	1	28	--	
Na Sraitheanna Pictiúr a bheith neamhfheicthe roimh ré	2	12	5 (cinn samplacha ar fáil b'fhéidir)	Roinnt scoláirí
Líon na marcanna don Bhéaltriail a ardú	2	9	--	
Measúnú leanúnach, go háirithe ón tríú bliain ar aghaidh	5	3	--	Líon beag
Fad ama a chur leis an mBéaltriail (cúpla nóiméad sa bhreis)	3	17	10	
Comhrá a ligfeadh do na scoláirí Gaeilge nádúrtha laethúil a úsáid	2	34	--	
Gné bhreise a thástálfadh inniúlacht labhartha ar bhealach níos 'nádúrtha'	0	5	2	
Deireadh a chur le Léamh na Filíochta	2	1	2	

Soláthraíodh roinnt tuairimí sa bhreis ó 'Guth an Scoláire':

- Measúnú déanta ag an múinteoir Gaeilge, b'fhéidir i dteannta le scrúdaitheoir seachtrach
- In ionad léamh na filíochta, sliocht próis neamhfheicthe le léamh agus ceisteanna le freagairt air
- Na dánta a bheith neamhfheicthe

Pointe a bhí suimiúil i ngrúpaí fócais na múinteoirí i gcomhthéacs moltaí chun feabhais ná nár mhol aon mhúinteoir as a stuaim féin an moladh íogair maidir le dhá Bhéaltriail ar leith do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus dóibh siúd a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Ina ionad sin, díríodh aird ar conas a d'fhéadfaí an Bhéaltriail reatha a leasú chun feabhais (moltaí thuasluaite). Nuair a d'ardaigh an taighdeoir an cheist, rinneadh an-phlé i measc múinteoirí Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta maidir le Béaltriail ar leith a bheith ann dá scoláirí siúd. Ar deireadh thiar, d'aontaigh beagnach gach duine gur chóir an córas comónta reatha a choimeád do na comhthéacsanna teangeolaíocha uile agus gur faoin scrúdaitheoir a bheadh sé déileáil go hoilte agus go solúbtha leis na cineálacha éagsúla foghlaimeoirí a bheadh os a c(h)omhair amach. Bheadh na critéir mheasúnaithe céanna in úsáid do gach iarrthóir; bhain cothroime agus paireacht deise leis seo, a dúradh.

Leas fadtéarmach na Béaltrialach

Sealbhú teanga fadtéarmach

Ceann de mhórspriocanna Bhéaltriail na hArdteistiméireachta ná inniúlacht teanga labhartha a chothú: sealbhú teanga agus cumas labhartha seachas foghlaim i gcomhair scrúduithe amháin. Dar le formhór na bhfreagróirí sna ceistneoirí, cuidíonn an Bhéaltriail Ghaeilge agus an próiseas ullmhúcháin don Bhéaltriail le scoláirí an Ghaeilge labhartha a shealbhú go fadtéarmach. I gcás na múinteoirí, d'aontaigh gach scoil Ghaeltachta agus gach Gaelcholáiste leis seo. Ach, bhréagnaigh na freagraí a tugadh sna grúpaí fócais agus sna cuairteanna scoile leis na scoláirí an t-aiseolas seo. Dar le formhór na múinteoiri sna grúpaí fócais, ní chuireann an Bhéaltriail le hinniúlacht labhartha fadtéarmach na scoláirí. Sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla, ach go háirithe, chuir múinteoirí in iúl nach í an Bhéaltriail féin is cúis leis seo ach an easpa deise atá ann pé Gaeilge atá acu a úsáid sa ghnáthshaol ina maireann siad. Maidir leis na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, mhínigh siad go mbíonn líofacht Ghaeilge ag a gcuid scoláirí cheana féin de bharr chomhthéacs teangeolaíoch na scoile, go gcothaíonn an tumoideachas ardscileanna labhartha agus, dá bharr sin, nach mbronann an Bhéaltriail aon bhuntáiste breise ar scoláirí maidir le sealbhú teanga.

Forbairt scileanna breise

Maidir leis an gcumas atá sa Bhéaltriail scileanna agus buanna eile, ar nós comhoibriú le daoine eile, cruthaitheacht, srl. a chothú sna foghlaimeoirí, scileanna a chabhróidh leo sa saol amach anseo, d'aontaigh 81% de mhuinteoirí agus 67% de scoláirí sna ceistneoirí go gcothaítear scileanna den chineál seo. Thagair idir mhúinteoirí agus scoláiri don chaoi a gcothaíonn an Bhéaltriail muinín sna scoláirí dul faoi agallamh: breathnaíodh air seo mar chleachtadh agus mar thaithí a rachadh chun tairbhe dóibh sa todhchaí. Luadh freisin scileanna idirphearsanta agus cumarsáid.

Tionchar na leasuithe ar líon na scoileanna a thug faoin mBéaltriail Roghnach

As na múinteoiríar labhraíodh leo ag na cruinnithe ghrúpaí fócais, dúirt seachtar go bhfuil polasaí ag a gcuid scoileanna anois go ndéanann gach scoláire sa tríú bliain an Bhéaltriail Ghaeilge Roghnach, rud nár tharla roimh 2012. Bhí tionchar ag na leasuithe i 2012 air seo. Ní raibh an Bhéaltriail Roghnach á reáchtáil in sé scoil as na trí scoil déag - de bharr chosc Ceardchumann - agus toisc íogaireacht na ceiste, níor pléadh í. Bhí sé soiléir, áfach, go raibh tionchar ag na leasuithe i mBéaltriail na hArdteistiméireachta ar a raibh ar siúl i ranganna Gaeilge sa timthriall Sóisearach i ngach scoil, lena n-áirítear na scoileanna a raibh an Bhéaltriail Roghnach don Teastas Sóisearach coiscthe iontu. Leagtar béim ar ghníomhaíochtaí ranga cumarsáideacha agus ar mheasúnú neamhfhoirmeálta scileanna labhartha na scoláirí. I roinnt scoileanna, tugtar Béaltriail do gach scoláire i scrúdú Gaeilge an tSamhraidh agus i gcúpla cás, i scrúdú na Nollag.

Fócas cainníochtúil - suirbhé na múinteoirí

An turas i dtreo na Béaltrialach

PRÍOMHPHOINTÍ

Ar an iomlán, thuairiscigh 87% de mhúinteoirí gur spreag an 40% na scoláirí. Mhol 62% díobh gan aon athrú a dhéanamh ar líon na marcanna: dar leo, tá 40% sásúil. Mhol níos mó scoileanna é a ardú go 50% seachas é a laghdú, go háirithe scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla.

Líon na marcanna agus inspreagadh

Dúirt 87% de na múinteoirí gur cheap siad gur spreag líon ard na marcanna a bhí ag dul don Bhéaltriail (40%) na scoláirí. Níor cheap ach 9.5% díobh gur chothaigh sé imní sna scoláirí agus ní raibh ach 4.8% a bhí den tuairim nach ndearna líon na marcanna aon difríocht. Chuir gach Gaelcholáiste agus cúig cinn de na sé scoil Ghaeltachta in iúl gur spreag an 40% a gcuid scoláirí siúd.

Maidir le líon "*idéalach*" na marcanna ba chóir a bhronnadh ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta, thug 62% de na múinteoirí le fios gurbh é 40% an céatadán ceart, mhol 29% é a ardú go 50% agus dar le 9.5%, bhí an 40% iomarcach. As na scoileanna a mhol é a ardú go 50%, bhí trí scoil as na seacht scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Mhínigh múinteoir amháin, *"Tá an iomarca béim2 ar litríocht go háirithe ag gnáthleibhéal. Ba cheart don litríocht a bheith mar ábhar roghnach breise san ardteist agus níos mó ama caite ar bheith ag labhairt na teanga agus ag úsáid na teanga i gcomhthéacs."*

Cuir chuige teagaisc agus foghlama

PRÍOMHPHOINTÍ

Tosaíodh an próiseas ullmhúcháin/cothú scil na labhartha ag tús an chúigiú bliain i dtromlach na scoileanna.

Dúirt 76% de na múinteoirí gur úsáideadh an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide an tseomra ranga. Maidir le straitéisí teagaisc a úsáideadh, luaigh breis agus 70% gur úsáid siad straitéisí gníomhfhoghlama (obair bheirte/ghrúpa, srl.), luaigh breis agus 60% gur sholáthair siad nótaí do na scoláirí le foghlaim maidir leis na sraitheanna pictiúr agus dúirt céatadán suntasach eile, 57%, gur chaith siad an-chuid ama ar fhreagraí a ullmhú agus a chleachtadh don Chomhrá.

Cheap 50% de na múinteoirí gur chaith scoláirí 'roinnt' ama lasmuigh den seomra ranga ar a gcuid scileanna labhartha a fhorbairt i gcomórtas le 45% a cheap gur beag am a caitheadh air seo.

Thuairiscigh 81% de na múinteoiri gur thosaigh siad ag cothú scileanna labhartha na scoláirí agus ag ullmhú ar bhealach fadtéarmach don Bhéaltriail ag tús an chúigiú bliain, thosaigh 19% am éigin i rith an chúigiú bliain. Níor fhág éinne é go dtí an séú bliain. Cé go raibh na céatadáin seo scartha go cothrom thar na comhthéacsanna teangeolaíocha éagsúla, thosaigh céatadán pas beag níos mó scoileanna Béarla an próiseas ullmhúcháin ag tús an chúigiú bliain i gcomórtas le cineálacha scoileanna eile.

Maidir le cuir chuige pleanála na múinteoirí, duirt 58% díobh gur úsáideadh an Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc sa seomra ranga agus gurbh é seo an príomh-mhodh ar cothaíodh scileanna labhartha na scoláirí. Ansin, caitheadh diantréimhse ar ullmhúchán i gcomhair na Béaltrialach níos gaire don am. Bhí trí Ghaelcholáiste agus scoil Ghaeltachta amháin nár roghnaigh é seo ach glactar leis gurb í an Ghaeilge meán teagaisc agus cumarsáide na scoileanna seo agus go raibh siad ag iarraidh aird a dhíriú ar na cuir chuige eile a úsáideann siad. "Ní cheadaítear ach Gaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc/foghlama an tseomra ranga

Gaeilge"[2], a dúirt múinteoir ó Ghaelcholáiste amháin. Dúirt 31.6% de na múinteoirí go léir go ndearnadh iarracht scileanna labhartha na scoláirí a fhorbairt mar chuid de gach rang trí straitéisí gníomhfhoghlama a úsáid chomh minic agus ab fhéidir agus ansin go gcaithfí diantréimhse ar ullmhúchán i gcomhair na Béaltrialach níos gaire don am. Ní raibh ach 10.5% a thuairiscigh go raibh rang amháin ar leith acu sa tseachtain sa séú bliain don obair labhartha le diantréimhse ullmhúcháin níos gaire d'am na Béaltrialach.

Ardaíodh an céatadán a dúirt gur úsáideadh an Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus teagaisc sa seomra ranga go 76.2% sa cheist a d'iarr ar mhúinteoirí na straitéisí ba mhó ar bhain siad úsáid astu le scileanna labhartha na scoláirí a chothú a aithint. Ar na straitéisí teagaisc eile ba choitianta a úsáideadh, luaigh 71.4% straitéisí gníomhfhoghlama, dúirt 62% gur thug siad nótaí do na scoláirí maidir leis na sraitheanna pictiúr le foghlaim de ghlanmheabhair, dúirt 57% gur caitheadh an-chuid ama ar fhreagraí a ullmhú agus a chleachtadh don Chomhrá agus chuir 24% in iúl gur thaifead siad na scoláirí sách rialta mar chuid den phróiseas ullmhúcháin. Maidir le straitéisí eile a úsáideadh, luadh:

- Ciorcal Comhrá uair amháin sa tseachtain ag am lóin
- Na giotaí físeáin ar www.tuairisc.ie
- Múinteoir eile ón scoil ag cur béaltrialach orthu – cleachtadh le múinteoir eile
- 'Geandáil ghasta'
- Obair bheirte/ghrúpa
- Léarscáileanna intinne.

2 Tógadh na hathfhriotail sa tuarascáil focal ar fhocal ó na taifeadtaí a rinneadh ar aiseolais múinteoirí agus scoláirí mar chuid den taighde. Dá réir sin, níl aon leasú/ceartú déanta ar na hathfhriotail chéanna i rith na tuarascála.

Fíor 4: Na straitéisí teagaisc ba mhó ar bhain múinteoirí úsáid astu le scileanna labhartha na scoláirí a chothú



Maidir leis an méid ama a cheap múinteoirí gur chaith foghlaimeoirí lasmuigh den seomra ranga ag iarraidh a scileanna labhartha féin a fhorbairt, ní raibh múinteoirí ar aon aigne faoi. Cheap 50% díobh gur chaith scoláirí 'roinnt' ama air seo i gcomórtas le 45% a cheap gur beag am a caitheadh air. Bhí gach Gaelcholáiste san earnáil 'roinnt ama'. Bhí formhór na scoileanna Gaeltachta san earnáil 'is beag am'. Mar a dúirt múinteoir amháin, "Labhraíonn na gasúir atá againne Gaeilge go nádúrtha. Ní bhíonn siad ag smaoineamh ar an gcumas atá acu i labhairt na teanga a fheabhsú". Bhí formhór na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla san earnáil 'is beag am'.

Tionchar ar chodanna eile an chúrsa

PRÍOMHPHOINTÍ

Caitheann 50% de na múinteoirí an méid is mó ama (thar dhá bhliain an chúrsa) ar an ullmhúchán don Bhéaltriail, go háirithe na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Caitheann 25% díobh an méid is mó ama ar mhúineadh na litríochta.

Ní raibh difríocht ró-shuntasach idir líon na múinteoirí a cheap gur fhág an 40% easpa ama do mhúineadh chodanna eile an chúrsa Gaeilge (52%) agus an líon a cheap nár chothaigh sé dúshláin ama (48%).

D'aontaigh 81% de mhúinteoirí go raibh gá le hathruithe a dhéanamh ar chodanna eile an chúrsa i ngeall ar an ardú marcanna don Bhéaltriail. D'aontaigh sé cinn de na seacht scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; níor aontaigh ach dhá Ghaelcholáiste agus trí scoil Ghaeltachta.

Tá 40% de mharcanna uile an scrúdaithe Gaeilge Ardteistiméireachta ag dul don Bhéaltriail. Mar sin féin, tá réimsí staidéir eile ar an gcúrsa Gaeilge: cluastuiscint, léamhthuiscint, ceapadóireacht, litríocht, srl., réimsí a éilíonn a gcuid ama féin. Thuairiscigh 47% de na múinteoirí go gcaitheann siad an méid is mó ama ar an ullmhúchán don Bhéaltriail (sé scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, Gaelcholáiste amháin agus dhá scoil Ghaeltachta), dúirt 25% díobh go gcaitheann siad an méid is mó ama ar mhúineadh na litríochta (scoil amháin a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, dhá Ghaelcholáiste agus dhá scoil Ghaeltachta) caitheann 15% formhór an ama ar an gceapadóireacht agus 10% ar an ngramadach/cruinneas na Gaeilge. (Fíor. 5)

Ar an mórgóir, mar sin, ní raibh difríocht ró-shuntasach idir líon na múinteoirí a cheap gur fhág an 40% easpa ama do mhúineadh chodanna eile an chúrsa Gaeilge (52%) agus an líon a cheap nár chothaigh sé dúshláin ama (48%). As na scoileanna a dúirt nár chothaigh sé dúshlán ama, bhí ceithre Ghaelcholáiste, ceithre scoil Ghaeltachta agus dhá scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Is léir go raibh na dúshláin ba mhó ag na scoileanna Béarla.

D'aontaigh 81% de mhúinteoirí go raibh gá le hathruithe a dhéanamh ar chodanna eile an chúrsa i ngeall ar an ardú marcanna don Bhéaltriail – d'aontaigh 57% agus d'aontaigh 24% go láidir. D'aontaigh sé cinn de na seacht scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; níor aontaigh ach dhá Ghaelcholáiste agus trí scoil Ghaeltachta.

Tionchar an an leibhéal páipéir a roghnaíodh

Dúirt 60% de na múinteoirí gur spreag an 40% na scoláirí leis an bpáipéar Ardleibhéal a roghnú ach dúirt 30% nach raibh aon tionchar aige in aon chor.

Thug 60% de na múinteoirí le fios gur spreag líon na marcanna a bhí ag dul don Bhéaltriail (40%) na scoláirí leis an bpáipéar Ardleibhéal a roghnú (pas beag níos airde sna Gaelcholáistí agus pas beag níos lú sna scoileanna Gaeltachta) ach dúirt 30% nach raibh aon tionchar aige in aon chor. Chuir beirt mhúinteoirí in iúl gur labhair siad leis na scoláirí faoi líon na marcanna a bhí ag dul don Bhéaltriail agus gur ghríosaigh siad iad le smaoineamh ar Ardleibhéal a dhéanamh. Dúirt múinteoir ó scoil amháin a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla go raibh sé deacair dá cuid scoláirí siúd tabhairt faoi pháipéar Ardleibhéal *"mar ní fhaigheann siad an deis dul chuig an nGaeltacht agus chun cleachtadh nádurtha a dhéanamh seachas sa rang"*.

Fíor 5: Tionchar ar chodanna eile an chúrsa ó thaobh ama de

Toic go bhfuil 40% ag dul don Bhéaltriail, tá a lán ama ag teastáil le scileanna labhartha na scoláirí a chothú. Fós, tá go leor réimsí staidéir eilr le déanamh mar chuid den chúrsa Gaeilge. Maidir leis na réimsí éagsúla, cá bhfuil an chuid is mó den am á chaitheamh? Cuir iad seo in ord 1 - 7, 1 leis an gcuid a gcaitear an méid is mó ama léi síos go 7 leis an gceann a gcaitear an méid is lú ama léi

	1	2	3	4	5	6	7	IOMLÁN	SCÓR
An Cheapadóireacht (Aistí, Díospóireachtaí, srl.)	15% 3	30% 6	25% 5	10% 2	10% 2	10% 2	0% 0	**20**	**5**
An ghramadach agus cruinneas na Gaeilge	10% 2	25% 5	20% 4	15% 3	25% 5	5% 1	0% 0	**20**	**4.65**
An litríocht	25% 5	30% 6	15% 3	5% 1	15% 3	5% 1	5% 1	**20**	**5.10**
An Bhéaltriail	47.37% 9	40.53% 2	21.05% 4	10.53% 2	5.26% 1	5.26% 1	0% 0	**19**	**5.68**
An léamhthuiscint	0% 0	5% 1	10% 2	40% 8	35% 7	5% 1	5% 1	**20**	**3.60**
Cothú scil na héisteachta	0% 0	0% 0	9.52% 2	14.29% 3	4.76% 1	66.67% 14	4.76% 1	**21**	**2.57**
Gnéithe lasmuigh den 'chúrsa', e.g. litríocht, drámaíocht, stair na Gaeilge, gnéithe den chultúr, srl.	4.76% 1	0% 0	0% 0	4.76% 1	4.76% 1	4.76% 1	80.95% 17	**21**	**1.57**



An Bhéaltriail féin

Comhdhéanamh na Béaltrialach

PRÍOMHPHOINTÍ

Spreagann an éagsúlacht chodanna atá sa Bhéaltriail na scoláirí ar bhealach an-dearfach ó thaobh suime, féin-mhuiníne agus díograise de. Ceapann beagnach gach múinteoir go gcabhraíonn an Fáiltiú leis na scoláirí socrú síos. Cuid thábhachtach den Bhéaltriail is ea Léamh na Filíochta, dar le 75%. Dúirt 70% de na múinteoirí gur cheap siad gur thug an tSraith Pictiúr deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Cheap leath na múinteoirí ar fad nár chóir go mbeadh na Sraitheanna Pictiúr feicthe ag na scoláirí roimh ré. Thapaigh roinnt múinteoirí an deis sa cheist seo a míshástacht ghinearálta maidir leis na Sraitheanna Pictiúr a chur in iúl, go háirithe maidir le líon na Sraitheanna - fiche cinn - ag rá go raibh sé iomarcach. Maidir le sainullmhúchán do na Sraitheanna Pictiúr, dúirt 57% gur meascán de dhá chur chuige a úsáideadh - tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair ag na scoláirí.Dúirt beagnach 81% de na múinteoirí gur cheap siad gur thug an Comhrá deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Díobh siúd a d'easaontaigh, labhraíodh faoi scóip theoranta ábhar na gceisteanna agus an easpa ama don chuid seo den scrúdú. Maidir le cuir chuige teagaisc ginearálta don Chomhrá, dúirt 57% gur meascán de dhá chur chuige a úsáideadh - tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair ag na scoláirí. Tugadh réimse straitéisí eile a úsáideadh mar ullmhúchán don Chomhrá, e.g. ciorcail chomhrá, suímh idirlín ar nós teg.ie.

Tá éagsúlacht ghnéithe i mBéaltriail na hArdteistiméireachta: Fáiltiú, Léamh Phíosa Filíochta, Sraith Pictiúr agus Comhrá Ginearálta. Thug 76% de mhúinteoirí le fios gur chothaigh an éagsúlacht seo suim sna scoláirí a bheith ag staidéar agus ag ullmhú don Bhéaltriail, thug 86% le fios gur chothaigh an éagsúlacht níos mó muiníne iontu ó thaobh gnóthachtála de agus dúirt 86% gur chothaigh sí níos mó díograise iontu maidir le feabhas a chur ar a scileannna labhartha i gcoitinne, ní ar mhaithe le scrúduithe amháin.

I dtaca le sainchodanna na Béaltrialach, d'aontaigh breis agus 95% de na múinteoirí go gcabhraíonn an Fáiltiú leis na scoláirí socrú síos. Dúirt 23% nár chóir aon mharc a bhronnadh air ach ní dúirt ach 7.7% nach raibh aon ghá leis. Maidir le léamh na filíochta, d'aontaigh 75% de na múinteoiri gur bealach maith é le scileanna léitheoireachta, gné na foghraíochta agus tuiscint don teanga a thástáil. Ar an mbonn sin, ba chuid thábhachtach den Bhéaltriail í seo, dar leo. Bhí cúig scoil Ghaeltachta agus trí Ghaelcholáiste san áireamh anseo.

Maidir leis an tSraith Pictiúr, thug 70% de na múinteoirí le fios, 20% go láidir, gur cheap siad gur thug an tSraith Pictiúr deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Thug sé cinn de na seacht scoil Ghaeltachta, ceithre cinn de na sé Ghaelcholáiste agus ceithre cinn de na seacht scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla an freagra dearfach seo.

Cheap leath na múinteoirí ar fad nár chóir go mbeadh na Sraitheanna Pictiúr feicthe ag scoláirí roimh ré – trí scoil Ghaeltachta, ceithre Ghaelcholáiste agus trí scoil Bhéarla. Dúirt múinteoir ó scoil Ghaeltachta, "Don dalta atá ag tabhairt faoin Ardleibheál níor cheart go mbeadh an tSraith Pictiúr feicthe acu roimh ré dar liom. Mholfainn cleachtadh a dhéanamh ar chinn shamplacha sa rang agus taithí a fháil ar an leagan amach agus mar sin de ach ar lá na scrúduithe cinn eile a bheith ag an scrúdú". Dúirt múinteoir eile ó Ghaelcholáiste, "Dushlán níos fearr ann doibh. Roinnt daltaí a dhéanann na sraith a fhoghlaim de ghlan mhabhair".

Thapaigh roinnt múinteoirí an deis sa cheist seo a míshástacht ghinearálta maidir leis na Sraitheanna Pictiúr a chur in iúl:

> *"Níl cothrom ná ciall ag baint leo siúd. Aontaím leo mar chuid den scrúdú ach táim lán cinnte go bhfuil an iomarca ann, dar liomsa agus dar leis na múinteoirí ar fad i mo scoil. Tógann siad go leor ama chun iad a ullmhú agus ní thuigim cén fáth atá siad athraithe gach bliain mar ní dhéanann sé difríocht dona daltaí ach cuireann sé níos mó strus ar na múinteoirí."*

"Ceapaim gur cur amú ama iad. Níl aon maitheas leo!!

"Seans go bhfuil daltaí ag foghlaim giotaí de ghlan mheabhair do na sraith agus níl sé seo ag cur lena gcumas i labhairt na teanga".

(Múinteoirí, Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla)

Ó thaobh sainullmhúcháin do na Sraitheanna Pictiúr céanna, murab ionann is ullmhúchán do chodanna eile na Béaltrialach, dúirt trian de na múinteoirí ar fad gur tumadh sa teanga agus cleachtadh teanga an mhodheolaíocht ba mhó a d'úsáid siad, dúirt beagnach 10% gur fhoghlaim na scoláirí nótaí de ghlanmheabhair do na Sraitheanna Pictiúr agus dúirt 57% gur meascán den dá chur chuige seo a d'úsáid siad.

Maidir leis an gComhrá, thug beagnach 81% de na múinteoirí le fios, 52% go láidir, gur cheap siad gur thug an Comhrá Ginearálta deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Bhí na torthaí cothrom thar na comhthéacsanna scoile éagsúla. Díobh siúd a d'easaontaigh agus, fiú, cúpla duine a d'aontaigh, gearánadh faoi easpa ama agus scóip theoranta ábhar na gceisteanna.

"Tá an t-am ró ghairid faoin am is go bhfuil na ceisteanna freagartha mar gheall ar an dalta féin, baile, scoil, caithimh aimsire tá an t-am istigh nach mór agus fé mar a dúrt níos luaithe siad na ceisteanna céanna atá ann don TS. Mholfainn dúshlán a chur ós cómhair na scoláirí atá ag tabhairt faoin ardleibhéal, a bheith ábalta labhairt ar chúrsaí reatha, scéalta nuachta, saol an déagóra, cúrsaí na tíre.....". (Scoil Ghaeltachta)

"Caithfidh deis a bheith acu labhairt ar réimse leathan ábhar, is am é chun tástáil a dhéanamh ar chaighdéan labhartha agus tuiscine an dalta." Dar le múinteoir ó Ghaelcholáiste eile, "Cinnte tugann sé deis do dhaltaí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint ach mothaím féin go mbaineann an tsraith pictiúr an-chuid ama ón chomhrá é féin. Ní bhíonn ach b' fhéidir 9 mbomaite fágtha don chomhrá. I mo thuairim ní leor ama é seo don ghné seo den scrúdú.(Gaelcholáiste)

Ó thaobh sainullmhúcháin don Chomhrá féin, dúirt 43% de na múinteoirí ar fad gur tumadh sa teanga agus cleachtadh teanga an mhodheolaíocht ba mhó a d'úsáid siad, gan aon úsáid bainte as nótaí le foghlaim de ghlanmheabhair fad is a dúirt 57% gur meascán de dhá chur chuige a úsáideadh: tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair ag na scoláirí.

Tugadh deis do mhúinteoirí straitéisí eile a d'úsáid siad mar ullmhúchán don Chomhrá a lua. I measc na moltaí a chur múinteoirí ar fáil, bhí:

- *"TEG.ie agus Ceacht.ie"*
- *"Turas seachtaine go dtí an ghaeltacht. Tioncnsmh éagsúla a dhéanamh trí mhéan na gaeilge. Modùl a dhéanamh i gceol agus cultúr na Gaeilge."*
- *"cleachtadh i mbeirteanna sa rang, déanaim taifeadadh ar dhaltaí (iar-scoláirí anois) iad san a sheinnt ar ais do na daltaí. Sa scoil againn déantar scrúdú cainte gach bliain mar pháirt de na scrúduithe tí agus tá an taithí san ag na daltaí ó bhliain a 1. "*
- *"Caint is comhrá a dhéanamh gach uile lá, gach uile deis a thapaigh"*
- *"An comhra a bheith realaioch bunusach doibh siud is laige "*
- *"Cleachtadh, cleachtadh, cleachtadh! Obair bheirte, taifead a dhéanamh orthu, cleachtadh le múinteoir Gaeilge eile, ciorcal comhrá."*
- *"Éisteacht leis an raidió, deis a thabhairt dóibh taighde a dhéanamh ar chúrsaí reatha. Tá ár ndaltaí 19 agus iad ag ullmhú do na scrúduithe caithfidh siad a bheith in ann tuairim a thabhairt, plé agus díospóireacht a dhéanamh."*
- *"Ceapaim go bhfuil sé an-úsáideach éisteacht le daltaí eile ag déanamh a mbéaltriail. Áis iontach é Cuireadh chun cainte chomh maith."*
- *"Ciorcal Cainte ag am lóin Dé hAoine ionas go bíonn na daltaí compordach."*

Deis labhartha

PRÍOMHPHOINTÍ

Thuairiscigh 47% go raibh an Bhéaltriail "gearr go leor" nó sin, "i bhfad ró-ghearr", 29% ag rá go raibh sí "díreach an fad ceart".

Dúirt 81% de na múinteoirí gur cheap siad gur thug an Bhéaltriail ina hiomláine deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir.

Maidir le dúshlán cuí a bheith sa Bhéaltriail, thuairiscigh dhá thrian de na múinteoirí ar fad gur thug sí dúshlán cuí d'fhoghlaimeoirí. Bhí trí Ghaelcholáiste agus cúig scoil Ghaeltachta i gceist anseo. Sholáthair an t-eolas breise a thug múinteoiri an-chuid eolais ar na fáthanna a thug siad.

Maidir le fad na Béaltrialach, thuairiscigh beagnach 29% de na múinteoirí go raibh sí "*díreach an fad ceart*" i gcomparáid le trian díobh a dúirt go raibh sí "*gearr go leor*" agus breis agus 14% ag rá go raibh sí "*i bhfad ró-ghearr*". Bhí beagnach 24% den tuairim go raibh sí "*fada go leor*".

Thug 81% de na múinteoirí le fios, 33% go láidir, gur cheap siad gur thug an Bhéaltriail ina hiomláine deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Níor easaontaigh ach Gaelcholáiste amháin agus dhá scoil Ghaeltachta.

Maidir le dúshlán cuí a bheith sa Bhéaltrail, thuairiscigh dhá thrian de na múinteoirí ar fad, 9.5% go láidir, gur thug sí dúshlán cuí d'fhoghlaimeoirí (Féach Fíor 6). Bhí trí Ghaelcholáiste agus cúig scoil Ghaeltachta i gceist anseo. B'iad na Gaelcholáistí ba mhó a d'easaontaigh leis an ráiteas seo, mar sin, i gcomórtas le comhthéacsanna scoile eile. Sholáthair an t-eolas breise a thug formhór na múinteoiri an-chuid eolais ar na fáthanna a bhí acu. Maidir leis an dá thrian a dúirt gur thug an Bhéaltriail deis chuí do na scoláirí, luaigh múinteoirí ó chomhthéacsanna éagsúla

> *"Spreagann sé na daltaí am a chaitheamh ag ullmhú agus ag cleachtadh a gcuid Gaeilge." (Gaelcholáiste)*

> *"Aontaím go bhfuil má tá scrúdaitheoir oilte chun labhairt le cainteoirí dúchasacha". (Scoil Ghaeltachta)*

> *"Ceapaim go mbíonn ceisteanna forleathan ann agus go leor ama don dalta a gcuid stórfhocal agus cruinneas gramadaí a thaispeáint go soiléir". (Scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla)*

Thug múinteoir a raibh taithí aige/aici ar a bheith ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla léargas suimiúil ar a s(h)aintaithí siúd,

> *"Táim idir dhá chomhairle. Ó mo thaithí i scoileanna Béarla is dúshlán atá ann ach níl sé ródúshlánach i scoil Ghaeltachta".*

I gcás na múinteoirí nár cheap go raibh dúshlán cuí sa Bhéaltriail

> *"Caithfidh na daltaí a bheith in ann labhairt ar an-chuid topaicí, ní leor rudaí a bheith foghlamtha de ghlan mheabhar mar tá an-bhéim ar chómhrá nadúrtha. Mothaím go bhfuil an-iomarca pictiúr sa tsraith pictiúr agus do roinnt daltaí tá siad ró-dhúshlánach" (Gaelcholáiste)*

> *"A bheag nó a mhór is iad na ceisteanna céanna a chuirtear ar dhaltaí sa scrúdú cainte don TS agus scrúdú cainte na hArdteiste, tuigeann na daltaí é seo agus braitheann cuid acu go bhfuil siad ag labhairt ar a gclann, scoil agus caithimh aimsire ón gcéad bhliain! Chomh maith don dalta go bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu tá an t-am an ghairid (8 noiméad) ionas gur féidir leo dul i bhfeidhm ar an scrúdaitheoir" (Scoil Ghaeltachta)*

> *"Níl dóthain ama don chomhrá". (Scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla)*

Fíor 6: : 'Tá dúshlán cuí ann don scoláire Gaeilge Ardteistiméireachta sa Bhéaltriail'?



Moltaí maidir le feabhas agus forbairt

Iarradh ar mhúinteoirí cúpla moladh a chur in iúl leis an mBéaltriail a dhéanamh níos éifeachtaí fós mar uirlis mheasúnaithe. Mhol cúigear (triúr ó scoileanna Gaeltachta, duine amháin ó Ghaelcholáiste agus duine ó scoil a fheidhmíonn trí mhean an Bhéarla) measúnú leanúnach a bheith ann, go háirithe ón tríú bliain ar aghaidh. Mhol triúr (duine ó gach comhthéacs teangeolaíoch) líon na Sraitheanna Pictiúr a laghdú. Mhol triúr eile (beirt ó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus duine ó Ghaelcholáiste) fad ama a chur leis an mBéaltriail. Mar a dúirt an múinteoir ón nGaelcholáiste,

> *"Níos mó ama a chaitheamh ar an chomhrá é féin, béim a chur ar an chomhrá nadúrtha Níos lú sraitheanna pictiúr mar chuireann siad béim ar fhoghlaim de ghlanmheabhar!"*

Thacaigh beirt (duine ó scoil Ghaeltachta agus duine ó Ghaelcholáiste) leis an moladh nach mbeadh na Sraitheanna Pictiúr feicthe roimh ré. Dúirt an múinteoir ó scoil Ghaeltachta,

> *"Gan aon deis réamhullmhú maidir leis an tsraith pictiúr Fág léamh an dán amach ach ina ait tabhair giota nach bhfaca siad cheana le léamh dóibh. Ná bíodh marc ar fáiltiú."*

Mhol beirt (múinteoir ó scoil Ghaeltachta agus múinteoir ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) líon na marcanna don Bhéaltriail a ardú. Mar a dúirt an múinteoir ón scoil Ghaeltachta, *"Bronn 50% ar an scrúdú"*. Thagair beirt (múinteoir ó Ghaelcholáiste agus múinteoir ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) do réimse ceisteanna níos leithne agus níos ilghnéithí a bheith ann sa Chomhrá. Níor luaigh ach múinteoir amháin (múinteoir ó Ghaelcholáiste) gur chóir go mbeadh Béaltriail ar leith ann d'Ardleibhéal agus do Ghnáthleibhéal. *"Scrúduithe faoi leith don ghnáthleibhéal agus ardleibhéal"*, a mhol sé/sí.

Tionchar fadtéarmach na Béaltrialach

Sealbhú teanga fadtéarmach

PRÍOMHPHOINTÍ

Dar le breis agus 90% de na múinteoirí, cuidíonn an Bhéaltriail Ghaeilge agus an próiseas ullmhúcháin don Bhéaltriail le scoláirí an Ghaeilge labhartha a shealbhú go fadtéarmach.

Ceann de mhórspriocanna Bhéaltriail na hArdteistiméireachta ná inniúlacht teanga labhartha a chothú: sealbhú teanga agus cumas labhartha seachas foghlaim i gcomhair scrúduithe amháin.

> *"An aidhm atá leis an méadú ar na marcanna sa mheasúnú ar an mbéaltriail ná athrú béime suntasach i leith na Gaeilge mar theanga labhartha a chur chun cinn, a chuirfidh ar chumas na scoláirí cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh astu féin ..." (Imlitir 0042/07).*

Dar le breis agus 90% de na múinteoirí, cuidíonn an Bhéaltriail Ghaeilge agus an próiseas ullmhúcháin don Bhéaltriail le scoláirí an Ghaeilge labhartha a shealbhú go fadtéarmach. D'aontaigh gach scoil Ghaeltachta agus gach Gaelcholáiste leis seo.

Forbairt scileanna breise

PRÍOMHPHOINTÍ

Creideann 81% de mhúinteoirí go gcothaíonn an Bhéaltriail scileanna agus buanna eile i scoláirí, scileanna agus buanna a chabhróidh leo sa saol amach anseo.

Maidir leis an gcumas atá sa Bhéaltriail scileanna agus buanna eile, ar nós comhoibriú le daoine eile, cruthaitheacht, srl. a chothú sna foghlaimeoirí, scileanna a chabhróidh leo sa saol amach anseo, d'aontaigh 81% go gcothaítear scileanna den chineál seo. Dúirt go leor múinteoirí gur chothaigh an Bhéaltriail muinín sna scoláirí dul faoi agallamh.

> *"Tugann sé seans dóibh scileanna agallaimh a chleachtaigh chomh maith má tá éinne acu chun agallamh a dhéanamh trí Ghaeilge do chúrsa ar leith."*

> *"Ta scil na cumarsáide á chleachtadh ag an daltaí agus taithí mhaith á fháil acu ó thaobh agallaimh de"*

Maidir leis na múinteoirí a d'easaontaigh leis seo, dúradh

> *"Ní dóigh liom go bhfuil cruthaitheacht ar bith ag baint leis"*

> *"Tá, go pointe, foghlaim de ghlan mheabhair i gceist leis na SP agus go pointe leis an gcomhrá. Tarlaíonn sé seo mar go bhfuil na SP agus formhór na gceisteanna don chomhrá ar eolas cheana féin."*

Fócas cáilíochtúil - grúpaí fócais na múinteoirí

Eagraíodh na cruinnithe leis na grúpaí fócais le haghaidh tuilleadh eolais agus peirspictíochtaí níos doimhne a fháil chomh maith le deis a chur ar fáil gnéithe de cheisteanna áirithe a bhí sa cheistneoir a phlé ag leibhéal níos mine. Eagraíodh ceithre chruinniú ar bhonn réigiúnach agus d'fhreastail trí mhúinteoir déag orthu go hiomlán. I ngeall ar na ceithre mhór-réimse ceisteanna a bhí sa taighde, le trí mhór-réimse laistigh den chéad cheann sin - an turas i dtreo na Béaltrialach, an Bhéaltriail féin agus leas fadtéarmach na Béaltrialach - dearadh seacht gceist (Feic Aguisín 2), a scáthánaigh na réimsí sin, do na grúpaí fócais. Ach amháin ceist a cúig agus a sé thíos, b'ionann na ceisteanna seo agus na ceisteanna a cuireadh sna cuairteanna scoile chun 'guth an scoláire' a chloisteáil:

An turas i dtreo na Béaltrialach

Inspreagadh

Tá 40% de na marcanna don Ghaeilge ag dul don Bhéaltriail. Iarradh ort sa Cheistneoir labhairt faoin tionchar atá aige seo (an 40%) ar mhothúcháin agus ar inspreagadh na scoláirí. (Tugann an 40% inspreagadh dóibh/Cuireann an 40% leis an imní a bhíonn orthu/ ní dhéanann an 40% aon difríocht) Ar mhaith leat níos mó a rá faoi sin? [3]

PRÍOMHPHOINTÍ

Líon ard na marcanna atá ag dul do Bhéaltriail na hArdteistiméireachta idir spreagadh agus imní sna scoláirí. Maidir le himní, is iad na Sraitheanna Pictiúr – a mhéad díobh atá ann agus tuiscint na scoláirí go gcaithfear iad a bheith foghlamtha de ghlanmheabhair – is cúis leis seo, seachas an 40% ann féin, go háirithe i gcás na scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla. Tagraíodh freisin don éagsúlacht chastachta ábhair atá sna Sraitheanna.

Foinse imní eile, beag beann ar chomhthéacs scoile ná giorracht fhad na Béaltrialach féin agus a ghaire is a bhí sí do reáchtáil na mBéaltrialacha sna nua-theangacha eile.

I gcás na scoileanna Gaeltachta agus na nGaelcholáistí, i gcoitinne chothaigh an 40% spreagadh láidir sna scoláirí. Tagraíodh do mhuinín agus d'ullmhacht go coitianta.

Dúirt múinteoirí go gcothaíonn líon ard na marcanna atá ag dul do Bhéaltriail na hArdteistiméireachta idir spreagadh agus imní sna scoláirí. Braitheann sé seo (1) ar cén chuid den Bhéaltriail a bhfuiltear ag tagairt di (Sraith Pictiúr seachas An Comhrá nó Léamh na Filíochta) agus (2) ar chomhthéacs teangeolaíoch na scoile (scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla seachas na Gaeilge).

Dúirt roinnt múinteoirí sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla nach é an 40%, *per se*, a chothaíonn an imní is mó sna scoláirí ach na Sraitheanna Pictiúr. Bhí dhá chúis leis seo: líon na Sraitheanna (fiche ceann) agus braistint na scoláirí go raibh orthu iad uile a bheith foghlamtha de ghlanmheabhair, lán le nathanna saibhre, sainfhoclóir agus seanfhocail. Tagraíodh go minic do líon na Sraitheanna Pictiúr, beagnach gach duine ag aontú go raibh sé iomarcach agus á chur i gcodarsnacht le líon na Sraitheanna atá ann don Bhéaltriail sna nua-theangacha eile - cúig cinn. Luadh freisin gur bhraith sé ar cén tSraith ar leith a roghnaigh an Scrúdaitheoir don scoláire. Dúirt múinteoir amháin, "*braitheann sé ar cén tSraith Pictiur a roghnaítear, tá cuid acú i bhfad níos casta ná cinn eile*". Dúradh gur thuig na scolairí nach raibh na topaicí sna Sraitheanna go léir ar chomhleibhéal dúshláin nó castachta (mar shampla, 'timpiste' nó 'madra ar strae' i gcomórtas le 'Géarchéim Eacnamaíochta' agus 'Athrú Aeráide') agus go raibh an-imní ar go leor díobh, go háirithe iad siúd nach raibh muiníneach ó thaobh na Gaeilge labhartha de, maidir le cén tSraith a roghnófaí dóibh lá an scrúdaithe. Cé gur luadh na Sraitheanna Pictiúr mar fhoinse imní áirithe sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, níorbh ionann í agus agus méid an imní a chothaigh siad sna scoileanna eile.

3 Ceist 5 ó cheistneoir na múinteoirí

Bhí cúpla gné eile a chothaigh imní áirithe do scoláirí sna scoileanna go léir: giorracht fhad na Béaltrialach féin agus a ghaire is a bhí sí do reáchtáil na mBéaltrialacha sna nua-theangacha eile. Dúirt múinteoiri gur bhraith scoláirí nár thug an Bhéaltriail deis chuí dóibh, ó thaobh cúrsaí ama de, a gcuid scileanna labhartha a léiriú i gceart i rannóg an Chomhrá agus gur bhreá leo cúpla nóiméad sa bhreis ar an trí nóiméad déag (go neasach) a mhaireann an Bhéaltriail. Labhair cúigear múinteoir faoi ghaireacht na Béaltrialach do na Béaltrialacha eile, an chaoi a n-éiríonn na scoláirí 'measctha suas' leis na teangacha go léir agus an chaoi a gcothaíonn sé seo imní iontu.

I gcás na scoileanna Gaeltachta agus na nGaelcholáistí, i gcoitinne chothaigh an 40% spreagadh láidir sna scoláirí, dar lena múinteoirí.

> *"Is rud iontach é (an 40%). Tá an Ghaeilge acu go nádúrtha agus bíonn siad breá ábalta comhrá líofa a bheith acu leis an scrúdaitheoir". (Múinteoir, Gaelcholáiste)*

> *"Tá bunchloch mhaith Ghaeilge ag a bhformhór agus spreagann an 40% iad"*

 a dúirt múinteoir eile ó scoil Ghaeltachta agus cé nach raibh ach ochtar cainteoirí dúchais as naonúr is fiche ina rang Gaeilge Ardteistiméireachta, is léir go ndeachaigh an comhthéacs scolaíochta Gaeilge chun tairbhe dá scileanna labhartha agus dá n-ullmhacht don Bhéaltriail.

Tagraíodh don mhuinín agus don ullmhacht seo go coitianta. Mhaígh múinteoir amháin fiú, "*b' fhéidir go bhfuil siad ró-mhuiníneach as a gcumas*". Bíodh sin amhlaidh nó ná bíodh, bhí sé soiléir gur spreag an 40% na scoláirí seo lena n-inniúlacht labhartha a thaispeáint agus a chruthú i mBéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

Pleanáil

Iarradh ort sa cheistneoir labhairt faoin gcaoi a dtugann tú faoin bpleanáil chun scileanna labhartha na scoláirí a chothú agus a fheabhsú don Bhéaltriail. (Mar shampla, an úsáideann tú an Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc/foghlama sa seomra ranga Gaeilge?/an mbíonn rang ar leith agat sa tseachtain don obair labhartha?/An úsáideann tú straitéisí gníomhfhoghlama mar chuid de gach rang chun inniúlacht labhartha a chothú? srl. Ar mhaith leat tuilleadh a rá faoi sin?[4]

PRÍOMHPHOINTÍ

Smachtaíonn na Sraitheanna Pictiúr an t-ullmhúchán don Bhéaltriail. Tosaítear orthu i bhformhór na scoileanna ag tús an chúigiú bliain. Dúirt cúpla múinteoir go soláthraíonn siad nótaí do na scoláirí le foghlaim de ghlanmheabhair ach, i bhfianaise a ndúirt na scoláirí féin, tá féidearthacht mhaith ann go bhfuil an cleachtas céanna ar siúl ag roinnt múinteoirí eile. I roinnt mhaith cásanna, cuirtear scafláil teanga ar fáil: múintear struchtúir chainte ar leith, sainfhoclóir agus nathanna 'saibhre' a bhaineann le gach pictiúr in aon Sraith ar leith agus tacaítear leis na scoláirí iad seo a úsáid ar mhaithe le labhairt faoin bpictiúr.

Luaigh roinnt múinteoirí freisin go leagann siad an-bhéim ar an obair do Pháipéar 1 - Ceist na Ceapadóireachta, ach go háirithe - agus don Bhéaltriail a fhí le chéile, .i. múintear struchtúir theanga, foclóir, gnéithe ábharthacha den ghramadach, srl. a chumasaíonn na foghlaimeoirí don cheist Cheapadóireachta (Aiste/Scéal/Díospóireacht) agus don Bhéaltriail (Sraitheanna Pictiúr agus an Comhrá) araon.

Gan eisceacht, dúirt gach múinteoir go ndéanann siad an-iarracht comhthéacs ranga a chothú agus cuir chuige ar leith a úsáid le hinniúlacht teanga labhartha a chothú sna scoláirí. Bhí éagsúlacht an-leathan sna cuir chuige seo.

Cás ar leith ab ea na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Murab ionann agus na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla a chaith cuid mhaith ama ar struchtúir agus ar fhoclóir a mhúineadh le gnáthchomhrá a scafláil, leag na múinteoirí sna scoileanna seo béim láidir ar shaibhreas Gaeilge na scoláirí agus ar inniúlacht ghramadaí a fhorbairt. Tagraíodh don 'saibhreas Gaeilge' go minic.

Níor luadh na tacaíochtaí a chuir an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge ar fáil.

4 Ceist 9 sa cheistneoir na múinteoirí

Maidir leis an gceist seo, is féidir an t-aiseolas a thug na múinteoirí ag na cruinnithe grúpaí fócais a chíoradh ina dtrí chuid:

Sainullmhuchán do na Sraitheanna Pictiúr

Bhí ceist na Sraitheanna Pictiúr ar an gceist ba mhinicí a ardaíodh ag múinteoirí agus ag scoláirí araon in aon chuid den taighde seo. Ba í an chloch ba mhó ar phaidrín na múinteoirí agus, go háirithe, ar phaidrín na scoláirí. I gcomhthéacs *modus operandi* múinteoiri, dá bharr sin, tosaítear ar na Sraitheanna Pictiúr a ullmhú go luath sa chúigiú bliain i ngach scoil. I bhformhór na scoileanna, déantar, ar an meán, deich sraith pictiúr sa chúigiú bliain agus deich gcinn sa séú bliain.

Úsáidtear modheolaíochtaí agus cuir chuige éagsúla maidir leis na Sraitheanna Pictiúr. I gcúpla cás, dúirt na múinteoiri go soláthraíonn siad nótaí iomlána do na scoláirí le foghlaim de ghlanmheabhair. Ar chúiseanna easpa muiníne agus easpa cumais sna scoláirí a dhéantar é seo. Is modh foghlama a bhfuil taithí ag na scoláirí air agus a lorgaíonn siad, a dúradh. I bhfianaise aiseolas na scoláirí maidir leis an gceist chéanna, tá féidearthacht láidir ann go raibh an nós céanna ar siúl ag roinnt múinteoirí eile ach go raibh drogall orthu, b'fhéidir, é a admháil toisc go mbreathnófaí air go neamhfhabhrach. I roinnt mhaith cásanna, cuirtear scafláil teanga ar fáil: múintear struchtúir chainte ar leith, sainfhoclóir agus nathanna 'saibhre' a bhaineann le gach pictiúr in aon Sraith ar leith agus tacaítear leis na scoláirí iad seo a úsáid ar mhaithe le labhairt faoin bpictiúr. Mar a dúirt múinteoir amháin, "múinim nathanna agus focail dóibh sa rang, pléimid iad agus déanann siad a gcuid féin de seo sa bhaile".

Úsáideann cúpla múinteoir an suíomh idirlín www.tuairisc.ie, a bhfuil sraitheanna pictiúr ann, leis an scafláil a sholáthar. Mhínigh múinteoir eile go n-úsáideann sí cur chuige comhoibritheach: iarrann sí ar na scoláirí cad a fheiceann siad sa phictiúr/meallann sí na tuairimí ó na scoláirí, cuirtear greille leis na teidil 'briathra' agus 'stór focal' ar an gclár dubh, soláthraíonn na scoláirí féidearthachtaí don ghreillle seo le tacaíocht ón múinteoir - a chuireann béim ar na leaganacha is saibhre atá ann - agus scríobhann na scoláirí síos na struchtúir theanga seo. Cleachtaítear na struchtúir go cumarsáideach i mbeirteanna.

Páipéar 1 agus an Bhéaltriail a fhí le chéile

Luaigh roinnt múinteoirí freisin go leagann siad an-bhéim ar an obair do Pháipéar 1 - Ceist na Ceapadóireachta, ach go háirithe - agus an Bhéaltriail a fhí le chéile, .i. múintear struchtúir theanga, foclóir, nathanna, gnéithe ábharthacha den ghramadach, srl. a chumasaíonn na foghlaimeoirí don cheist Cheapadóireachta (Aiste/Scéal/Díospóireacht) agus don Bhéaltriail (Na Sraitheanna Pictiúr agus an Comhrá) araon. Múintear agus pléitear topaicí agus ábhar faoi chúrsaí an lae cosúil le 'Saol an Duine Óig', 'An Scoil', 'Saol na hOibre', 'Cúrsaí Polaitíochta', srl. a ndéantar measúnú orthu ní hamháin i gCeist 2, Páipéar 1 (100 marc as 160) ach sa Chomhrá (120 marc as 240) sa Bhéaltriail freisin. Foghlaimítear agus cleachtaítear an teanga seo ó bhéal agus i scríbhinn agus breathnaítear ar an gcur chuige seo mar chur chuige éifeachtach, inmholta. Bhí macalla den ráiteas "déanaim iarracht gnéithe éagsúla den teanga a bheith fite fuaite lena chéile" le cloisteáil go forleathan san aiseolas i gcoitinne.

Gníomhaíochtaí cumarsáideacha éagsúla

Gan eisceacht, dúirt gach múinteoir go ndéanann siad an-iarracht comhthéacs ranga a chothú agus cuir chuige ar leith a úsáid le hinniúlacht teanga labhartha a chothú sna scoláirí. Bhí éagsúlacht an-leathan sna cuir chuige seo. I dtosach, is léir go n-úsáidtear an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide ranga sna scoileanna go léir chomh minic agus is féidir. Mar a dúirt múinteoir amháin, "tá go leor iarrachtaí ar siúl chun an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn ionas go gcloisfidh siad na struchtúir agus an teanga". "Foghlaimítear teanga ó bheith ag caint" a dúirt duine eile. D'admhaigh roinnt múinteoirí an dúshlán a bhaineann leis na scoláirí a chur ag úsáid na teanga; is cosúil gur ceist easpa muiníne atá anseo. In dhá scoil, tionóltar 'ciorcal comhrá' sa séú bliain chun comhthéacs nádúrtha cumarsáide agus cleachtaidh a sholáthar do na foghlaimeoirí. Tionóltar iad seo ag am lóin; i gcás amháin, soláthraítear sólaistí chun na scoláirí a mhealladh isteach.

Cás ar leith ab ea na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Murab ionann agus na scoileanna a

fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla a chaitheann cuid mhaith ama ar struchtúir agus ar fhoclóir a mhúineadh le gnáthchomhrá a scafláil, leagann na múinteoirí sna scoileanna seo béim láidir ar shaibhreas Gaeilge na scoláirí agus ar inniúlacht ghramadaí a fhorbairt. Tagraíodh don 'saibhreas Gaeilge' go minic: Feidhmeanna Teanga curtha in iúl ag leibhéal forbartha, sofaisticiúil, dul na Gaeilge ar struchtúir theanga, Gaeilge dhúchais a bheith in úsáid, srl. Mar a mhínigh múinteoir amháin, "Ní dhéanaim aon ullmhúchán ar leith, per se, don Chomhrá ... níl sé teoranta ... táimid á dhéanamh an t-am ar fad ...". Sé sin le rá, déanann sí iarracht scileanna teanga, saibhreas Gaeilge agus cruinneas gramadaí na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn ar bhealach comhtháite: múineann sí topaic ón Siollabas, cothaítear na ceithre scil teanga tríd an teagasc seo, "téim chomh fada agus is féidir leis ... déanaim iarracht iad a shíneadh" agus déantar é seo mar ullmhúchan d'aon chuid de scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ach don Bhéaltriail (An Comhrá) agus don cheist Cheapadóireachta ach go háirithe.

An Bhéaltriail féin

An Bhéaltriail mar uirlis mheasúnaithe

Is uirlis mheasúnaithe an Bhéaltriail Ghaeilge a thástálann inniúlacht labhartha na scoláirí sa Ghaeilge. Tá dha cheist agam duit anseo:

(a) (a) An aontaíonn tú leis seo?

(b) (b) Cad iad an dá rud is mó a mholfá leis an mBéaltriail a dhéanamh níos éifeachtaí fós mar uirlis?[5]

PRÍOMHPHOINTÍ

D'aontaigh formhór na múinteoirí gur uirlis mheasúnaithe an Bhéaltriail a thástálann inniúlacht labhartha na scoláirí sa Ghaeilge ach thagair a bhformhór céanna dá mí-éifeacht mar uirlis mheasúnaithe i ngeall ar an am ró-ghairid a mhaireann an Bhéaltriail agus i ngeall ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair a bhraitheann na scoláirí atá riachtanach le bheith ullmhaithe.

Bhí 'laghdaigh líon na Sraitheanna Pictiúr' ar an moladh ba láidre a bhí ag múinteoirí. Maidir le Béaltriail ar leith a bheith ann do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge, d'aontaigh beagnach gach duine gur chóir an córas comónta reatha a choimeád agus gur faoin scrúdaitheoir a bheadh sé déileáil go hoilte leis na cineálacha éagsúla foghlaimeoirí a bheadh os a c(h) omhair amach.

D'aontaigh formhór na múinteoirí gur uirlis mheasúnaithe an Bhéaltriail a thástálann inniúlacht labhartha na scoláirí sa Ghaeilge .i. i bprionsabal, aithníodh í mar uirlis a dearadh le hinniúlacht labhartha a mheas. Bhí tuairimí éagsúla ann, ámh, maidir lena héifeachtacht mar uirlis mheasúnaithe. Cheap formhór na múinteoirí go mbaineann an t-am a leagtar amach don Bhéaltriail - idir thrí agus chúig nóiméad déag - ó chumas na Béaltrialach inniúlacht iomlán an scoláire a mheas i gceart. Braitheadh go bhfuil an méid seo ama pas beag ró-ghearr. Faoin am go dtéitear tríd an bhFáiltiú, trí Léamh na Filíochta agus tríd an tSraith Pictiúr, níl fágtha ach cúig nó sé nóiméad - uaireanta níos lú - don Chomhrá agus, faoin am go labhraítear faoi na gnáthcheisteanna tosaigh sa rannóg seo - áit chónaithe, an chlann, ábhair scoile, srl. - is beag am a fhágtar don scoláire a c(h)umas labhartha a léiriú. Dar leo, is beag am a fhágann sé seo ach an oiread don scrúdaitheoir measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimeora, lena n-áirítear réimse foclóra, líofacht, cumas cumarsáide, cruinneas gramadaí agus cruinneas foghraíochta.

D'easaontaigh múinteoir amháin ó scoil Ghaeltachta leis an gcáineadh seo, ag rá gur faoin scrúdaitheoir atá sé a c(h)uid scileanna mar thástálaí teanga a úsáid leis an iarrthóir a mheas go héifeachtach. Cé gur aontaigh sí go gcabhródh nóiméad nó dhó sa bhreis, dúirt sí go

5 Ceist 20 ó cheistneoir na múinteoirí

labhraíonn cainteoirí dúchais go gasta, go dtéann siad tapaidh go leor trí na chéad codanna den Bhéaltriail agus nach gá don scrúdaitheoir dul chomh saoithíneach agus chomh foirmleach trí na ceisteanna ceannann céanna is a dtéitear tríothú le hiarrthóirí níos laige. "Braitheann sé ar an scrúdaitheoir dúshlán cuí a thabhairt don dalta ... is féidir leis dul le cumas an dalta ... tá dóthain ama ann don Chomhrá", a mhaígh sí.

Bhí formhór na múinteoirí sna grúpaí fócais uile ar aon dul leis an dara fáth a luadh le haon mhí-éifeacht a chuirfí i leith na Béaltrialach: foghlaim na Sraitheanna Pictiúr de ghlanmheabhair. I ngeall ar a mhéad díobh atá ann agus toisc go bhfuil siad ar fáil ag tús a gcúrsa staidéir, braitheann foghlaimeoirí gurb é an bealach is éifeachtaí le cruthú go maith sa Bhéaltriail ná mion-nótaí do gach pictiúr a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Ar ndóigh, ní féidir inniúlacht teanga labhartha iarrthóra a mheas sa chuid seo den scrúdú más é seo an *modus praeparationis* atá in úsáid.

Moltaí leis an mBéaltriail a dhéanamh níos éifeachtaí fós mar uirlis mheasúnaithe

Ba é '*laghdaigh líon na Sraitheanna Pictiúr*' an moladh ba láidre: mhol aon duine dhéag as trí dhuine dhéag é seo. Thacaigh deichniúr leis an moladh fad ama a chur leis an mBéaltriail: ceathrar ó scoileanna Gaeltachta, beirt ó Ghaelcholáistí agus ceathrar ó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Mhol cúigear – triúr ó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, duine ó scoil Ghaeltachta agus duine ó Ghaelcholáiste – na Sraitheanna Pictiúr a bheith neamhfheicthe roimh ré. Níor mhol ach beirt – múinteoir ó scoil Ghaeltachta agus múinteoir ó scoil a mhúineann tri mheán an Bhéarla – líon na marcanna a ardú.

Pointe a bhí suimiúil i gcomhthéacs moltaí chun feabhais ná nár mhol aon mhúinteoir as a stuaim féin an moladh íogair maidir le dhá Bhéaltriail ar leith do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus dóibh siúd a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Díríodh aird ar conas a d'fhéadfaí an Bhéaltriail reatha a leasú chun feabhais (moltaí thuasluaite). Nuair a ardaíodh é, rinneadh an-phlé i measc múinteoirí Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta maidir le Béaltriail ar leith a bheith ann dá scoláirí siúd. Ar deireadh thiar, d'aontaigh beagnach gach duine gur chóir an córas comónta reatha a choimeád do na comhthéacsanna teangeolaíocha uile agus gur faoin scrúdaitheoir a bheadh sé déileáil go hoilte agus go solúbtha leis na cineálacha éagsúla foghlaimeoirí a bheadh os a c(h)omhair amach. Bheadh na critéir mheasúnaithe céanna in úsáid do gach iarrthóir; bhain cothroime agus paireacht deise leis seo, a dúradh.

Leas fadtéarmach na Béaltrialach

Sealbhú fadtéarmach

Ceann de na spriocanna atá ag an mBéaltriail agus ag an bpróiseas foghlama/ullmhúcháin don Bhéaltriail ná go gcumasófaí scoláirí an Ghaeilge labhartha a shealbhú ar bhonn fadtéarmach, .i. ní hamháin ar mhaithe le scrúdú na hArdteistiméireachta. An aontaíonn tú leis seo? Cad faoi chothú scileanna agus buanna eile, e.g. scileanna cumarsáide i gcoitinne, cruthaitheacht, srl.[6]

PRÍOMHPHOINTÍ

Ceapann múinteoirí go gcuireann an t-ullmhúchán don Bhéaltriail agus an Bhéaltriail féin le scileanna labhartha na scoláirí go gearrthéarmach ach nach ndéanann sé é seo go fadtéarmach. Is í an easpa deise atá ann pé Gaeilge atá acu a úsáid sa ghnáthshaol ina maireann siad is cúis leis seo agus i gcás na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, deir siad go gcothaíonn an tumoideachas, seachas an Bhéaltriail, inniúlacht labhartha sa Ghaeilge.

Tugann an Bhéaltrial taithí do scoláirí dul faoi agalllamh.

Go giorraisc, ní fheiceann múinteoirí go gcuireann Béaltriail na hArdteistiméireachta le hinniúlacht labhartha na scoláirí go fadtéarmach. Ní hí an Bhéaltriail féin is cúis leis seo ach an easpa deise atá ann pé Gaeilge atá acu a úsáid sa ghnáthshaol ina maireann siad. Dúirt go leor díobh go gcuireann an t-ullmhúchán don Bhéaltriail agus an Bhéaltriail féin le scileanna

6 Ceist 21 agus 22 ó cheistneoir na múinteoirí

labhartha na scoláirí go gearrthéarmach agus b'fhéidir go meántéarmach. I bhfocail mhúinteora amháin

> *"cé go bhfuil an tSraith Pictiúr lochtach, tá na scoláirí ag cleachtadh struchtúr agus mar sin de". "Feictear an fhorbairt thar thréimhse ama, cé go mbíonn sé mall", a dúirt múinteoir eile.*

Ach, is cosúil gur foghlaim ghearrthéarmach atá ann;

> *"ar an taobh eile, nuair a bhuaileann tú leo bliain nó dhó ina dhiaidh sin, feiceann tú meirg ar a gcaighdeán Gaeilge" a mhínigh múinteoir amháin. Mheabhraigh múinteoir amháin don ghrúpa, "ag deireadh an lae, is scrúdú é".*

Maidir leis na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, an fáth go ndúirt siad nach gcuireann taithí na Béaltrialach mórán le hinniúlacht labhartha na scoláirí go fadtéarmach ná go mbíonn líofacht Ghaeilge ag a gcuid scoláirí de bharr chomhthéacs teangeolaíoch na scoile. Cothaíonn an tumoideachas ardscileanna labhartha. Ní hamháin sin, cothaíonn sé dearcadh dearfach i leith na teanga agus, mar a dúirt múinteoir amháin, "*breathnaíonn siad ar an nGaeilge mar bhuntáiste seachas mar bhac*".

Ach, níor aithníodh sna Gaelcholáistí agus, go háirithe sna scoileanna Gaeltachta, gur bhronn an Bhéaltriail féin aon bhuntáiste breise ar na scoláirí maidir le sealbhú teanga na scoláirí.

"Níl mórán buntáiste ann" (Scoil Ghaeltachta)

D'aontaigh gach uile mhúinteoir go dtugann taithí na Béaltrialach muinín agus cleachtadh do na scoláirí dul faoi agallamh agus breathnaíodh ar an taithí seo mar scil an-tábhachtach don saol. "*Bíonn orthu labhairt fúthu féin*" a mhínigh múinteoir agus féachadh air seo mar thaithí inaistrithe, úsáideach. "*Caithfidh daoine ciúine labhairt ... forbraíonn sé scileanna idirphearsanta*", a mhínigh múinteoir eile. Luaigh cúpla múinteoir go gcothaíonn an t-ullmhúchán do na Sraitheanna Pictiúr cruthaitheacht sna scoláirí; ar ndóigh, braitheann sé seo go hiomlán ar na straitéisí teagaisc agus foghlama a bhíonn in úsáid don ghné seo den triail.

Ceisteanna breise

Tá méid mór marcanna, 40%, ag dul don Bhéaltriail Ghaeilge. Cén tionchar atá aige seo ar ghnéithe eile an chúrsa/an tSiollabais Ghaeilge?[7]

PRÍOMHPHOINTÍ

Sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla, dúirt formhór na múinteoirí go bhfuil go leor oibre fós i gceist leis an 60% (codanna eile an chúrsa lasmuigh den Bhéaltriail) a bhaint amach. Moladh: gearradh siar ar mhéid an ábhair atá le clúdach, e.g. an cúrsa litríochta. Ar an taobh eile, dúirt cúpla múinteoir go dtugann sé am le gramadach a mhúineadh/cruinneas gramadaí a fheabhsú.

Maidir le múinteoirí i nGaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta, is í an easpa dúshláin sa chúrsa litríochta seachas an t-ísliú marcanna ann féin do chodanna eile an chúrsa lasmuigh den Bhéaltriail a chothaigh a gcuid míshástachta.

Bhí gach múinteoir an-mhíshásta leis an gcúrsa litríochta: na múinteoirí sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla le hábhar an chúrsa agus na múinteoirí sna scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge le hábhar, le heaspa dúshláin agus le giorracht an chúrsa.

Chothaigh an cheist seo plé an-bhríomhar i measc na ngrúpaí fócais go léir. Bhí an-éagsúlacht sna tuairimí a cíoradh agus, go deimhin féin, bhí cuid de na tuairimí go hiomlán ag bréagnú a chéile (mar a shonrófar thíos), ag brath ar an gcomhthéacs teangeolaíoch a bhí i gceist.

Titeann formhór an aiseolais seo faoi dhá mhór-réimse: cúrsaí ama agus an cúrsa litríochta, cé go raibh baint acu seo lena chéile. Maidir le cúrsaí ama, ní raibh múnteoiri na scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla, ar an mórgóir, ar chomhintinn leis na múinteoirí eile. Dar leo, tá brú oibre fós i gceist chun an 60% atá le gnóthachtáil i réimsí eile an chúrsa a fháil. Toisc gur foghlaimeoirí dara teanga a gcuid scoláirí, deir siad go dtógann sé an-chuid ama iad a ullmhú don

7 Ceist ó cheistneoir na múinteoirí

Cheapadóireacht, don Léamhthuiscint, don Chluastuiscint agus, go háirithe, don chúrsa litríochta agus go gcothaíonn sé seo an-bhrú. Cé gur ardaíodh líon na marcanna go 40% don Bhéaltriail le haitheantas a thabhairt do thábhacht na hinniúlachta teanga seo, bhraith formhór na múinteoirí seo nár laghdaigh an t-ísliú marcanna i gcodanna eile an chúrsa méid na hoibre a bhí fós le déanamh iontu. Mar a dúirt múinteoir amháin, "tá an iomarca le déanamh sna réimsí eile ... gearr siar ar mhéid na hoibre seachas ar líon na marcanna".

Mar sin féin, bhí corrghuth a raibh peirspictíocht eile acu ar an gceist. Dúirt triúr, ar a laghad, gur thug an t-ardú marcanna don Bhéaltriail agus, dá bharr sin, an t-ísliú marcanna do réimsí eile an chúrsa deis dóibh am a chaitheamh ar chruinneas gramadaí (go sonrach) agus ar ghnéithe a chuimsigh scileanna agus codanna éagsúla an chúrsa cosúil le cúrsaí reatha. Maidir leis na scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí, tugadh le fios go n-aithníonn siad an deis a thugann an 40% don Bhéaltriail dóibh díriú isteach níos mine ar ghnéithe den Siollabas cosúil le Ceapadóireacht agus Léamhthuiscint, ach bhí siad, gan eisceacht, an-mhíshásta leis an gcúrsa litríochta reatha, ag rá go bhfuil easpa dúshláin, oiriúnachta agus téagair ann. Dá mbeadh cúrsa litríochta dúshlánach, ábharthach, loinneach ann, dar leo, bheidís sásta leis na marcanna a bheith riartha 40% : 60% mar atá. Go hachomair, is í an easpa dúshláin atá sa chúrsa litríochta seachas an t-ísliú marcanna ann féin do chodanna eile an chúrsa lasmuigh den Bhéaltriail a chothaigh míshástacht na múinteoiri seo.

Ba mhór-údar casaoide an cúrsa litríochta do mhúinteoiri uile gach grúpa fócais, beag beann ar chomhthéacs scoile. Ar an gcéad dul síos, cáineadh an rogha téacsanna. I ngeall ar chineál na dtéacsanna ar an gcúrsa dualgais litríochta agus i ngeall ar an gcineál foghlaimeora a bhí i gceist (foghlaimeoir dara teanga), dúirt formhór na múinteoirí sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla gurbh éigean an-chuid ama a chaitheamh ar theagasc na litríochta. "Tá an cúrsa litríochta an-leadránach", a dúirt múinteoir amháin. "Níl ach seasca marc ann don fhilíocht, a lán oibre ar bheagán marcanna", a dúirt múinteoir eile. Thagair múinteoir eile don mhíchothromaíocht mharcanna do léamh na filíochta sa Bhéaltriail (35 marc - marc ard, dar léi) i gcomórtas leis na ceisteanna scríofa ar an bhfilíocht ar Pháipéar 2 (60 marc - marc íseal do go leor oibre, dar léi). Léiríodh frustrachas agus míshástacht láidir i leith ábhar an chúrsa litríochta sna scoileanna seo.

Bhí ábhair ghearáin bhreise maidir leis an gcúrsa litríochta ag na scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge, go háirithe ag na scoileanna Gaeltachta. Anuas ar an roghnú téacsanna, chuir an easpa dúshláin agus giorracht an chúrsa as go mór dóibh. Toisc nach bhfuil sé riachtanach téacsanna iomlána a léamh agus, go comhfhreagrach, toisc nach ndéantar measúnú ach ar shleachta as na téacsanna seo, bhraith beagnach gach múinteoir ó na comhthéacsanna seo nár thug sé dóthain dúshláin do na scoláirí. Mhínigh múinteoir amháin gur foinse saibhris teanga agus feasachta cultúir an litríocht agus, dá bharr sin, go raibh an cúrsa reatha "ró-ghearr". Cáineadh an cúrsa go neamhbhalbh: "tá an cúrsa litríochta go hainnis", a dúirt múinteoir Gaeltachta amháin. "Tá sé tarraingthe anuas go leibhéal an-íseal ... níl croí ná struchtúr ceart ann", a dúirt múinteoir Gaeltachta eile. Tairgeadh moltaí: sainchúrsa litríochta don chomhthéacs Gaeltachta (a chuimseodh e.g. litríocht áitiúil, téacsanna iomlána, stair na litríochta, srl.), Páipéar 2 bunaithe go hiomlán ar an litríocht le freastal ar riachtanais fhoghlaimeoiri an tsainchomhthéacs seo, líon níos mó dánta agus scéalta.

Meabhraíodh go raibh cúrsa roghnach ann don litríocht ach bhí drogall ar mhúinteoirí glacadh leis seo mar réiteach ar an gceist. Samhlaíodh an-chuid dúshlán leis an gcúrsa roghnach: an mbeadh cur amach ag an scrúdaitheoir ar gach scéal/dán?, bheadh an iomarca ullmhúcháin agus oibre i gceist le téacsanna a roghnú agus a léamh roimh ré, an éireodh chomh maith céanna leis na scoláirí seo i gcomórtas leo siúd a dhéanfadh an cúrsa dualgais, srl.

Sa bhreis ar cheist na litríochta, d'ardaigh cúpla múinteoir Gaeltachta ceist na Ceapadóireachta/scil na scríbhneoireachta i gcomhthéacs thionchar an 40% ar ghnéithe eile an chúrsa. Bhraith múinteoir Gaeltachta amháin go raibh an tSraith Pictiúr "ag glacadh áit na

Ceapadóireachta" (scríofa) agus "go raibh faillí á déanamh i scil na scríbhneoireachta". Dar leis, ba chóir go gcothófaí scil na scríbhneoireachta i scoláirí a bhí líofa sa teanga labhartha trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuid seo den pháipear scríofa agus marcanna cuí a thabhairt dá réir. Ach, ar an mórgóir, ba é an cúrsa litríochta an chloch ba mhó ar phaidrín na múinteoirí Gaeltachta seo i gcomórtas le haon ghné eile den siollabas/den chóras measúnaithe.

Spreagradh chun tabhairt faoin mBéaltriail Roghnach?

An raibh aon tionchar, i do scoil féin, ag na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm sa Bhéaltriail le blianta beaga anuas ar an mBéaltriail Roghnach don Teastas Sóisearach, .i. ar spreag siad sibh le tabhairt fúithi?

PRÍOMHPHOINTÍ

Bhí scoileanna scoilte leath agus leath maidir le déanamh na Béaltrialach Roghnaí don Teastas Sóisearach ach bhí sé soiléir go raibh tionchar ag na leasuithe i mBéaltriail na hArdteistiméireachta ar a raibh ar siúl i ranganna Gaeilge sa timthriall Sóisearach i ngach scoil - aitheantas do thábhacht inniúlachta labhartha sa teanga agus do chuir chuige cumarsáideacha – lena n-áirítear na scoileanna a raibh an Bhéaltriail Roghnach coiscthe iontu.

Tairgtear Béaltriail Ghaeilge roghnach ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Suas go 2012 nuair a ardaíodh líon na marcanna don Bhéaltriail go 40% ag leibhéal an Teastaigh Shóisearaigh agus ag leibhéal na hArdteistiméireachta araon, ní raibh ach líon an-bheag scoileanna sa tír ag déanamh na Béaltrialach ag deireadh an timthrialla Shóisearaigh (sé scoil déag i 2007, de réir staitisticí Choimisiún na Scrúduithe Stáit). Bhíothas ag súil le go n-imreodh na leasuithe nua tionchar dearfach ar an líon íseal seo. Bunaíodh an t-ionchas seo ar na buntáistí a shamhlófaí le foghlaimeoirí a bheith ag forbairt a n-inniúlachta sa teanga labhartha ar bhonn leanúnach thar thréimhse leanúnach agus a bheith ag tabhairt faoi phróiseas tástála a mbeadh taithí acu air cheana. Tharla an méadú: thug 155 scoil faoin scrúdú in 2012 agus 357 in 2016, méadú suntasach thar thréimhse naoi mbliana.

As an trí dhuine dhéag ar labhraíodh leo sna grúpaí fócais, thug seachtar le fios go bhfuil polasaí ag a gcuid scoileanna anois go ndéanann gach scoláire sa tríú bliain an Bhéaltriail Ghaeilge Roghnach, rud nár tharla roimh 2012 agus dúradh go raibh tionchar ag na leasuithe i 2012 air seo. Bhreathnaigh múinteoir amháin ó Ghaelcholáiste air mar "ullmhuchán don Ardteistiméireacht". Dúirt múinteoir ó Ghaelcholáiste eile go raibh sé ar siúl sa scoil roimh 2012 ach gur threisigh leasuithe 2012 an cinneadh a bhí tógtha acu, go ndearna sé "ciall" é a dhéanamh. I ngach ceann de na seacht scoil seo, tá tionchar imeartha ag an gcinneadh an Bhéaltriail Roghnach a dhéanamh ar ghnéithe eile de theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa timthriall Shóisearach. Mar shampla, i bhformhór na scoileanna, tugtar Béaltriail do gach scoláire i scrúdú Gaeilge an tSamhraidh agus i gcúpla cás, i scrúdú na Nollag. Leagtar béim ar ghníomhaíochtaí cumarsáideacha sa rang agus ar mheasúnú neamhfhoirmeálta ar scileanna labhartha na scoláirí.

Ní raibh an Bhéaltriail Roghnach á reáchtáil in sé scoil as na trí scoil déag. Bhi sé seo ag tarlú de bharr chosc Ceardchumann. De bharr íogaireacht na ceiste, níor pléadh í ach braitheadh i roinnt cásanna go mbeadh an múinteoir oscailte don phróiseas agus gur aithin siad na buntáistí a bhain leis ach go raibh cosc orthu. Níor labhair ach duine amháin amach go láidir i gcoinne na Béaltrialach Roghnaí ag rá "dá laghdófaí an méid oibre atá le déanamh sna réimsí eile den chúrsa, bheadh am ag múinteoirí measúnú a dhéanamh ar a gcuid scoláirí". Ceist ama a bhí i gceist anseo seachas ceist cheardchumainn.

Tiochar ar leibhéal páipéir

An gceapann tú go bhfuil aon tionchar ag an mBéaltriail ar an leibhéal páipéir a thógfaidh na scoláirí? (Mar shampla, líon na marcanna, an cineál measúnaithe atá ann, srl.)

PRÍOMHPHOINTÍ

Níl an t-ardú marcanna sa Bhéaltriail ag imirt móran tionchair ar líon na scoláirí atá ag tógáil páipéir ar leith (Ardleibhéal/Gnáthleibhéal) i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta.

Ní fheictear aon ardú suntasach sna grádanna a fhaigheann scoláirí Ardleibhéal; feictear ardú áirithe maidir le scoláirí Gnáthleibhéal.

Ar an iomlán, níl an t-ardú marcanna go 40% sa Bhéaltriail ag imirt móran tionchair ar líon na scoláirí atá ag tógáil páipéir ar leith (Ardleibhéal/Gnáthleibhéal) i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, de réir a gcuid múinteoirí. Sna Gaelcholáistí agus sna scoileanna Gaeltachta, ach go háirithe, is beag difríocht a fheictear i líon na scoláirí atá ag tabhairt faoin bpáipéar Ardleibhéal le blianta beaga anuas i gcomparáid le roimh 2012: dhéanadh agus déanann fós formhór na scoláirí seo an páipéar Ardleibhéal. Mar a dúirt múinteoir amháin, "A luaithe a thosaíonn siad sa chúigiú bliain, teastaíonn óna bhormhór Ardleibhéal a dhéanamh". Dúirt múinteoir eile go mbraitheann sé uaireanta ar conas a éiríonn leo sa Bhéaltriail féin, "daoine a thagann amach agus díomá orthu, bíonn fonn orthu dul ar ais go Gnáthleibhéal". Gné a bhí suimiúil i gcomhthéacs roghnú páipéir scrúdaithe ná gur thagair triúr múinteoir don chaoi nach bhfeictear aon athrú suntasach .i. ardú grádanna sna torthaí a fhaigheann a gcuid scoláirí. Dúirt siad go mbeifí ag súil le grádanna níos airde i scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge/i scoil a bhfuil an Ghaeilge mar T1 ag formhór na scoláirí. Léiríodh díomá faoi seo.

Tá an scéal a bheag nó a mhór mar an gcéanna sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla. Deir na múinteoirí seo nach ndéanann an 40% marcanna difríocht shuntasach i líon na scoláirí atá ag tógáil páipéir ar leith. Deir siad go ndéanann líon beag breise an páipéar Ardleibhéal ach nach bhfuil an méid seo suntasach. Suimiúil go leor, labhair siad faoin gcaoi a spreagann an 40% go leor scoláirí Gnáthleibhéal nach bhfuil muiníneach nó inniúil sa teanga i leith na Gaeilge mar ábhar agus mar theanga i gcoitinne. "Faigheann siad grád níos airde ... tuigeann siad é seo, spreagann sé seo iad", i bhfocail múinteora amháin.

Fócas cainníochtúil: suirbhé na scoláirí

An turas i dtreo na Béaltrialach

Líon na marcanna agus inspreagadh

PRÍOMHPHOINTÍ

Dúirt formhór na scoláirí gur chothaigh líon ard na marcanna (40%) spreagadh iontu.

Dúirt 92% de na scoláirí gur spreag líon ard na marcanna a bhí ag dul don Bhéaltriail (40%) iad. D'ainneoin sin, dúirt 49% díobh gur chothaigh sé imní iontu freisin. Ní raibh ach 16% den tuairim nach ndearna líon na marcanna aon difríocht.

Cheap 66% díobh gur ceart an rud é 40% a bhronnadh ar an ngné seo den scrúdú Gaeilge, ag cur san áireamh go bhfuil ceithre ghné ann - éisteacht, léamh, labhairt agus scríobh. Mar a dúirt scoláire amháin ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, *"A language mainly concerns communication through speaking and I feel like that should be where the majority of marks should be allocated"*. "Mar tá sé scrudú teanga, agus chun an teanga a bheith agat caithfidh tú a bheith in ann í a labhairt ", a dúirt scoláire Gaeltachta. Bhí go leor a d'aontaigh leis an 40% ach a bhí míshásta leis an teorainn ama. "I agree but it is a lot of pressure to put on a person to do 40 percent of their leaving cert it just 15 minutes", a dúirt scoláire eile ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Cuir chuige teagaisc agus foghlama

PRÍOMHPHOINTÍ

Thuairiscigh 37% de na scoláirí gur thosaigh siad ag ullmhú ar bhealach fadtéarmach don Bhéaltriail ag tús an chúigiú bliain - laghdú suntasach ó líon na múinteoirí a labhair faoi seo.

Dúirt 80% nárbh ionann an chaoi ar oibrigh an múinteoir Gaeilge leo fad a bhí siad ag ullmhú don Bhéaltriail agus an chaoi ar oibrigh sé/sí leo i réimsí eile den chúrsa, e.g. an páipéar scríofa, fianaise láidir gur aithin na foghlaimeoirí na straitéisí teagaisc cumarsáideacha ar leith a bhí in úsáid.

Dúirt i bhfad níos mó scoláirí - i gcomparáid le múinteoirí - gur chaith siad go leor ama lasmuigh den seomra ranga ag iarraidh a gcuid scileanna labhartha a fhorbairt go neamhspleách, 42% ag rá go ndearna siad 'tréan-iarracht'.

Thuairiscigh 37% de na scoláirí gur tosaíodh ag ullmhú ar bhealach fadtéarmach don Bhéaltriail ar scoil ag tús an chúigiú bliain, 35.5% am éigin i rith an chúigiú bliain. Dúirt 10.5% gur tosaíodh ag tús an séú bliain fad a dúirt 17% gur tosaíodh trí nó ceithre mhí roimh an mBéaltriail féin. Dar le 49% díobh, caitheadh a lán ama ar scoil ag forbairt scileanna labhartha fad is a cheap 40% díobh gur caitheadh roinnt ama air seo.

Dúirt 80% de na scoláirí nárbh ionann an chaoi ar oibrigh an múinteoir Gaeilge leo fad a bhí siad ag ullmhú don Bhéaltriail agus an chaoi ar oibrigh sé/sí leo i réimsí eile den chúrsa, e.g. an páipéar scríofa, fianaise láidir gur aithin na foghlaimeoirí na straitéisí teagaisc ar leith a bhí in úsáid don tsainchuid seo den scrúdú Gaeilge. Ba iad na scoláirí sna scoileanna Gaeltachta ba mhó a d'aontaigh leis seo. Labhair go leor foghlaimeoirí, go háirithe scoláirí ó chomhthéacsanna T2, faoin mbéim ar na deiseanna labhartha agus cumarsáide.

> *"ni raibh moran notai againn chun ullmhuchain a dheanamh. caith an rang an chuid am ag caint seachas ag scriobh". (Scoláire, Gaelcholáiste)*

D'aontaigh scoláire ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla leis seo,

"Cuir sí i bhfad níos mó béime air labhart an teanga sa rang in ionad a túfás nótaí a fhoghlaim de ghlan mheabhair".

Cé gur luaigh scoláirí Gaeltachta é seo freisin, thagair siad chomh maith don chaoi a raibh sé seo an-éasca dóibh

> *"Ní raibh an méid céanna cleachtadh ag teastáil don bhéaltriail agus atá don scríobhneoireacht", a dúirt duine amháin.*
>
> *"The classes were more free in the sense that there was less writing involved which gave us a break. Other sections of the course were quite heavy on memorising also so it was nice to be able to take classes and just speak", a dúirt duine eile.*

Chuir 72% in iúl, 27% go láidir, gur bhain siad taitneamh as an am a chaith siad sa seomra ranga Gaeilge ag ullmhú don Bhealtriail. Thaitin labhairt na teanga agus an deis í a úsáid le go leor díobh, ach go minic sa fhreagra céanna, tagraíodh don mhíshástacht a bhraith siad i leith na sraitheanna pictiúr. "*Is breá liom bheith ag labhairt as Gaeilge .... Níor thaithin na Sraith Phictiuri liom in aon chor, bhí an iomad acu ann*", a dúirt scoláire ó scoil a fheidhmíon trí mheán an Bhéarla. Chuir scoláire ón gcomhthéacs céanna leis sin, "*I enjoyed improving my spoken Irish but wasn't able to have full conversations most of the time due to the focus on Sraith Pictúiri*". Níor chuir roinnt scolairí fiacail ann maidir leis na sraitheanna pictiúr: "is fuath liom na sraithpictiúrí", a ghearáin scoláire ó Ghaelcholáiste. D'oir an ghné seo d'fhoghlaim na Gaeilge le scoláirí Gaeltachta den chuid is mó. Mar a dúirt scoláire amháin, "*Bíonn sé easca dom comhrá le daoine eile as Gaeilge*". Ní mór a aithint, ámh, go bhfágann sé seo 28% nár bhain taitneamh as an am a chaith siad sa seomra ranga ag ullmhú don Bhéaltriail. Ach, ba iad na sraitheanna pictiúr an fáth ba mhó leis an easpa taitnimh a luadh. "*Nior thaitin na sraith pictiur liom*", a mhínigh scoláire Gaeltachta amháin.

Maidir leis an méid ama a chaith foghlaimeoirí lasmuigh den seomra ranga ag iarraidh a scileanna labhartha féin a fhorbairt, dúirt breis agus 42% díobh go ndearna siad '*tréan-iarracht*', dúirt 37% go ndearna siad '*iarracht mheasartha*', duirt 14.5% go ndearna siad '*iarracht lag*' agus thug 6% le fios nach ndearna siad aon iarracht in aon chor. Díobh siúd a rinne aon iarracht, tagraíodh go minic do na hiarrachtaí a rinneadh Gaeilge a úsáid le baill chlainne agus le cairde: "*i spoke at home with my sister who is very good at irish*", a dúirt scoláire amháin. Arís eile, tagraíodh go minic do na sraitheanna pictiúr: "*I practiced a little for the general conversation but there is too many sraith pictuirs to even think of learning them all!!!*", a dúirt scoláire ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. "*Discouraged by the picture sequences*", a dúirt duine eile ón gcomhthéacs céanna teanga. Thagair roinnt scoláirí don easpa deiseanna a bhí acu Gaeilge a úsáid lasmuigh den scoil. "*rinne me mo sheacht ndicheall mo chuid gaeilge a fheahsu amach as an seomra ranga ach ní labhraíonn éinne eile I mo theaghlach gaeilge agus nil mórán daoine sa phobail sách múinineach ag labhairt í. bhí sé saghas deacair feabhas a chur air.*", a dúirt foghlaimeoir ó scoil a raibh sruth Gaeilge inti.

An cúrsa Gaeilge ina iomláine

PRÍOMHPHOINTÍ

Maidir le cár caitheadh an chuid is mó den am, thug 24% le fios gur caitheadh é ar an litríocht, dúirt 20% gur caitheadh ar an gCeapadóireacht é, chuir 17% in iúl gur caitheadh an chuid is mó den am ag ullmhú don Bhéaltriail/ag forbairt scil na labhartha.

Cheap 28.4% de na scoláirí gur sholáthair an cúrsa Gaeilge ina iomláine dúshlán láidir dóibh, dúirt 57% gur sholáthair sé dúshlán cuí dóibh agus dúirt líon suntasach - 15% - nár sholáthair sé dóthain dúshláin.

Maidir le peirspictíocht na bhfoghlaimeoirí ar cár caitheadh an t-am sa rang Gaeilge, thug 24% le fios gur caitheadh an chuid is mó den am ar theagasc agus ar fhoghlaim na litríochta, dúirt 20% gur caitheadh ar an gCeapadóireacht é, chuir 17% in iúl gur caitheadh an chuid is mó den am ag ullmhú don Bhéaltriail/ag forbairt scil na labhartha, dúirt 15% gur caitheadh ar ghnéithe éagsúla é, e.g. stair na Gaeilge, drámaíocht, srl. fad a dúirt 12% gur caitheadh ar ghramadach agus ar chruinneas na Gaeilge é. (Fíor 7)

Fíor 7: Cár caitheadh an chuid is mó den am sa rang Gaeilge?

	1	2	3	4	5	6	7	IOMLÁN	SCÓR
An Cheapadóireacht (Aistí, Díopóireachtaí, srl.	19.86% 29	26.03% 38	18.49% 27	8.9% 13	15.07% 22	8.22% 12	3.42% 5	**146**	**4.88**
An ghramadach agus cruinneas na Gaeilge	12.10% 19	17.20% 27	17.20% 27	19.11% 30	14.65% 23	7.64% 12	12.1% 19	**157**	**4.22**
An litríocht (prós agus filíocht)	24.03% 37	20.78% 32	20.78% 32	14.94% 23	7.79% 12	5.84% 9	5.84% 9	**154**	**4.97**
An Bhéaltriail	17.2% 27	17.2% 27	19.75% 31	22.93% 36	8.28% 13	10.19% 16	4.46% 7	**157**	**4.64**
An léamhthuiscint	3.95% 6	4.61% 7	13.16% 20	19.08% 29	32.89% 50	20.39% 31	5.92% 9	**152**	**3.43**
Cothú scil na héisteachta	3.07% 5	5.52% 9	12.27% 20	14.11% 23	15.95% 26	38.04% 62	11.04% 18	**163**	**3.07**
Gnéithe lasmuigh den 'chúrsa' e.g. litríocht, dramaíocht, stair na Gaelige, gnéithe den chultúr srl.	14.81% 24	7.41% 12	3.09% 5	4.94% 8	10.49% 17	8.02% 13	51.23% 83	**162**	**2.82**



Cheap 28.4% de na scoláirí gur sholáthair an cúrsa Gaeilge ina iomláine dúshlán láidir dóibh agus dúirt 57% gur sholáthair sé dúshlán cuí dóibh. Díol suime ab ea líon na bhfoghlaimeoirí - 15% - a dúirt nár sholáthair sé dóthain dúshláin dóibh. É sin ráite, dúirt 68% nár theastaigh dúshlán níos mó uathu

Tionchar ar an leibhéal páipéir a roghnaíodh

Thug 43% de na scoláirí le fios gur spreag líon na marcanna a bhí ag dul don Bhéaltriail (40%) iad leis an bpáipéar Ardleibhéal a roghnú ach dúirt 33% nach raibh aon tionchar aige in aon chor.

Thug 43% de na scoláirí le fios gur spreag líon na marcanna a bhí ag dul don Bhéaltriail (40%) iad leis an bpáipéar Ardleibhéal a roghnú (51% de na scoileanna Gaeltachta, 24% de na Gaelcholáistí agus 42% de na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) ach dúirt 33% nach raibh aon tionchar aige in aon chor. Maidir le cad a d'imir tionchar ar a gcuid roghanna, thagair na scoláirí Gaeltachta agus Gaelcholáistí dá gcumas labhartha: "*Táim go maith ag an Gaeilge mar freastalaíom ar Gaelchóláiste", "toisc go bhfuil líofacht agam sa ghaeilge, tá súil agam an marc is airde gur féidir liom a bhaint amach*". Thagair na scoláirí ó na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla go minic dá n-easpa muiníne: "*I chose ordinary level because i do not speak irish well*", "*I dropped to ordinary level because I found higher difficult, I find ordinary level much more capable. I really enjoy it now*".[8]

An Bhéaltriail féin

Comhdhéanamh na Béaltrialach

PRÍOMHPHOINTÍ:

Spreagann an éagsúlacht chodanna atá sa Bhéaltriail na scoláirí ar bhealach an-dearfach ó thaobh suime, muiníne agus díograise de. Ceapann 93% díobh go gcabhraíonn an Fáiltiú leo socrú síos. Cuid thábhachtach den Bhéaltriail is ea Léamh na Filíochta, dar le 79%. Dúirt breis agus 52% gur cheap siad gur thug an tSraith Pictiúr deis mhaith dóibh a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Cheap breis agus 38% nár chóir go mbeadh na Sraitheanna Pictiúr feicthe acu roimh ré. Maidir le sainullmhúchán do na Sraitheanna Pictiúr, dúirt 56% gur meascán de dhá chur chuige a úsáideadh - tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair. Cheap breis agus 90% gur cheap siad gur thug an Comhrá deis mhaith dóibh a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Maidir le cuir chuige ginearálta teagaisc don Chomhrá, dúirt 42% gur meascán de dhá chur chuige a úsáideadh - tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair acu.

Thug 74% de scoláirí le fios gur chothaigh an éagsúlacht i gcodanna na Béaltrialach suim iontu a bheith ag staidéar agus ag ullmhú don Bhéaltriail, thug 80% le fios gur chothaigh an éagsúlacht níos mó muiníne iontu ó thaobh gnóthachtála de agus dúirt 68% gur chothaigh sí níos mó díograise iontu maidir le feabhas a chur ar a scileannna labhartha i gcoitinne, ní ar mhaithe le scrúduithe amháin.

I dtaca le sainchodanna na Béaltrialach, d'aontaigh 93% d'fhoghlaimeoirí go gcabhraíonn an Fáiltiú leo socrú síos. Dúirt 21% nár chóir aon mharc a bhronnadh air agus dúirt 17% nach raibh aon ghá leis. Maidir le léamh na filíochta, d'aontaigh 79% de scoláirí gur bealach maith é le scileanna léitheoireachta, gné na foghraíochta agus tuiscint don teanga a thástáil. Ar an mbonn sin, ba chuid thábhachtach den Bhéaltriail í seo, dar leo.

Maidir leis an tSraith Pictiúr, thug breis agus 52% de na scoláirí le fios gur cheap siad gur thug an tSraith Pictiúr deis mhaith dóibh a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. 72% de na scoláirí ó

8 Feic: Aguisín 5 do na freagraí uile a soláthraíodh don cheist seo.

scoileanna Gaeltachta a bhí i gceist anseo, 38% díobh siúd ó Ghaelcholáistí agus 32% díobh siúd ó scoileana a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Cheap breis agus 38% nár chóir go mbeadh na Sraitheanna Pictiúr feicthe acu roimh ré.

Ó thaobh sainullmhúcháin do na Sraitheanna Pictiúr céanna, dúirt 28.5% de na scoláirí ar fad gur tumadh sa teanga agus cleachtadh teanga an straitéis foghlama ba mhó a d'úsáid siad, dúirt 15% gur fhoghlaim siad nótaí de ghlanmheabhair do na Sraitheanna Pictiúr agus dúirt breis agus 56% gur meascán den dá chur chuige seo a d'úsáid siad.

Maidir leis an gComhrá, thug breis agus 90% de na scoláirí le fios gur cheap siad gur thug an Comhrá Ginearálta deis mhaith dóibh a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir. Dúirt beagnach 90% gur bhain na ceisteanna lena saol féin agus le saol an aosa óig. Ó thaobh sainullmhúcháin don Chomhrá féin, dúirt 47% de na scoláirí gur tumadh sa teanga agus cleachtadh teanga an mhodheolaíocht ba mhó a d'úsáid siad, duirt 11% gur bhain siad úsáid as freagraí a fhoghlaim de ghlanmheabhair fad is a dúirt 42% gur meascán den dá chur chuige a úsáideadh: tumadh sa teanga/cleachtadh teanga agus nótaí foghlamtha de ghlanmheabhair.

Deis Labhartha

PRÍOMHPHOINTÍ:

Thuairiscigh 36% go raibh an Bhéaltriail "gearr go leor" nó sin, "i bhfad ró-ghearr", 51% ag rá go raibh sí "díreach an fad ceart".

Dúirt 89% de na scoláirí gur cheap siad gur thug an Bhéaltriail ina hiomláine deis mhaith dóibh a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir.

Maidir le dúshlán cuí a bheith sa Bhéaltriail, thuairiscigh 63% gur thug sí dúshlán cuí dóibh (63% ó scoileanna Gaeltachta, 68% ó Ghaelcholáistí, 59% ó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus 65% ón Sruth Gaeilge). Sholáthair an t-eolas breise a thug scoláiri an-chuid eolais ar na fáthanna a thug siad.

Maidir le fad na Béaltrialach, thuairiscigh 51% de na scoláirí go raibh sí "díreach an fad ceart" (51% ó scoileanna Gaeltachta, 50% ó Ghaelcholáistí, 54% ó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus 50% ón Sruth Gaeilge) i gcomparáid le 23% a dúirt go raibh sí "gearr go leor" agus 13% ag rá go raibh sí "i bhfad ró-ghearr" Bhí beagnach 10% den tuairim go raibh sí "fada go leor". Thug 89% de na scoláirí le fios, 52% go láidir, gur cheap siad gur thug an Bhéaltriail ina hiomláine deis mhaith dóibh a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don Scrúdaitheoir.

Maidir le dúshlán cuí a bheith sa Bhéaltriail, thuairiscigh 62% gur thug sí dúshlán cuí dóibh (63% ó scoileanna Gaeltachta, 68% ó Ghaelcholáistí, 59% ó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus 65% ón Sruth Gaeilge). Sholáthair an t-eolas breise a thug roinnt scoláirí eolas ar na fáthanna a bhí acu. Maidir leo siúd a dúirt gur tugadh dúshlán cuí dóibh, dúradh rudaí cosúil le *"I got nervous but was able to talk a lot so I was happy", "my examiner was very relaxed and such a bad examiner, for the amount of work students put in they should be able to show off more skills they have, he was very very relaxed", "sa scoil gaeltacht bhí sé go h-iontach", "Deacir go leor ach ceart go leor", "i found the sraith pictiur very challenging as i'm useless as learning off by heart but i think the poetry and general conversation are appropriately challenging".*

Maidir leo siúd a chuir in iúl go raibh an iomarca dúshláin i gceist, dúradh

> *"The examiner asked questions i never thought would be asked"*
>
> *"The amount of tSraith Pictiúr stressed me out way too much and i felt like it was too stressful knowing i wouldnt be able to choose the tSraith Pictiúr i wanted and it was too hard to remember all of the content"*
>
> *"The examiner was constantly cutting in and asking question after question which made me have to think fast and change topic often which greatly pressurized me"*
>
> *"I got a hard sraith pic and that immediately set the tone of the converesation", "Picture sequences".*

I gcás na scoláirí nár cheap go raibh dúshlán cuí sa Bhéaltriail, dúradh

"the examiner was too easy on me", "would have prefered more time"

"An Easca go gasuir connamara"

"Níor cuireadh aon ceist as an gnáth orm. Bhíos réidh do"

"the examiner didnt really care"

"Bhí na sraith phictiúirí deacair mar gheall níor bhreathnaigh mé siar orthu, ach bhí chuile shórt eile an-éasca"

"bhi se ro fhurast"

"Bhí sé mar gnáth comhrá, níor mhothaigh sé ar nós scrudú".

Moltaí maidir le feabhas agus forbairt

Iarradh ar scolairí cúpla moladh a chur in iúl leis an mBéaltriail a dhéanamh níos éifeachtaí fós mar uirlis mheasúnaithe. D'fhreagair céad, tríocha is duine. Tugann Aguisín 6 cuntas iomlán ar na freagraí uile a soláthraíodh de réir chomhthéacs scoile, ach seo a leanas achoimre ar na moltaí siúd:

Fíor 8: Moltaí na scoláirí maidir le conas a d'fhéadfaí an Bhéaltriail Ghaeilge a dhéanamh níos éifeachtaí mar uirlis mheasúnaithe

	SCOLÁIRÍ Ó SCOILEANNA GHAELTACHTA	SCOLÁIRÍ Ó GHAELCHOLÁISTÍ	SCOLÁIRÍ Ó SCOILEANNA A MHÚINEANN TRÍ MHEÁN AN BHÉARLA
Na Sraitheanna Pictiúr a fhágáil ar lár	7	8	13
Líon na Sraitheanna Pictiúr a laghdú	8	4	20
Sraitheanna Pictiúr a bheith neamhfheicthe roimh ré	5	4	3
Líon na marcanna don Bhéaltriail a ardú	4	3	2
Níos mó béime a chur ar Chomhrá a ligfeadh do na scoláirí Gaeilge nádúrtha, laethúil a úsáid	16	5	13
Fad ama a chur leis an mBéaltriail	8	5	4
Réimse ceisteannna níos leithne agus níos ilghnéithí	4	4	
Measúnú leanúnach a bheith ann, go háirithe ón tríú bliain ar aghaidh	0	0	3
Léamh na Filíochta a fhágáil ar lár	1	0	0
Cleachtaigh, cleachtaigh, cleachtaigh don Bhéaltriail - labhair Gaeilge!	9	0	3
Scar amach níos faide ó na Béaltrialacha sna nua-theangacha eile	1	0	0
Doiciméad/pictiúr le labhairt faoi cosúil leis na nua-theangacha eile	0	2	3
Béaltriail ar leith d'Ardleibhéal agus ceann do Ghnáthleibhéal	0	0	3

Tionchar fadtéarmach na Béaltrialach

Sealbhú teanga fadtéarmach

Dar le breis agus 76% de na scoláirí (88% ó scoileanna Gaeltachta, 76% ó Ghaelcholáistí, 54% ó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus 95% ón Sruth Gaeilge), cuidíonn an Bhéaltriail Ghaeilge agus an próiseas ullmhúcháin don Bhéaltriail leo an Ghaeilge labhartha a shealbhú go fadtéarmach.

Forbairt scileanna breise

PRÍOMHPHOINTÍ:

Maidir leis an gcumas atá sa Bhéaltriail scileanna agus buanna eile, ar nós comhoibriú le daoine eile, cruthaitheacht, srl. a chothú sna foghlaimeoirí, scileanna a chabhróidh leo sa saol amach anseo, d'aontaigh 67% go gcothaítear scileanna den chineál seo.

Maidir leo siúd a d'aontaigh leis seo, dúradh

"ba bhréa liom ag obair leis an Gaeilge",

"Tá an teanga an tábhachtach dom agus beidh mé ag leanúint ar aghaidh ag labhairt leis sa todhchaí"

"I agere, as I became a lot more confident speaking it and enjoyed it! A lot more jobs should be through Irish!"

"Is seoid luachmhar í an Ghaeilge. D' fhoghlaim mé an saibhreas a bhaineann léi le linn na hArdteiste. Táim an-chíocrach mo chuid gaeilge a chaomhnú san Ollscoil agus i mo ghairm bheatha chomh maith"

"Chabhraigh an labhairt idirphearsanta go mór liom. Bhí an scrúdú béil ar nós agallamh, is ullmhú maith don saol é sin."

"i can get a job anywhere in the gaeltacht and i would be able to converse with the locals or get a job doing primary school teaching etc."

Díobh siúd a d'easaontaigh leis seo, dúradh

"Tá gaielge agam ón bhunscoil, agus ní chreidim go chuir an scrúdú le mo chuid scileanna labhartha, ach bhíomar sásta tar éis"

"Bhí an Gaeilge sin agam ar aon nós"

"D' fhoghlaim mé na scilleanna seo ag baile agus sa scoil agus ní raibh mé ag cleachtadh don mbéaltriail"

"níl an ach 15 nóim caint, nil sé sách deacair"

"Is cainteoir líofa mé cheanna féin. Níor chuir sé le mo chuid scileanna labhartha".

Is léir go raibh na scoláirí seo ag díriú nios mó ar scileanna labhartha – an cheist dheireanach seachas an cheist áirithe seo – ach fós, tá an t-aiseolas suimiúil.

Fócas cáilíochtúil: guth an scoláire

Mar a dúradh cheana, cuireadh na ceisteanna céanna, a bheag ná a mhór, ar na trí ghrúpa scoláirí is a cuireadh ar na grúpaí múinteoirí lena sainpheirspictíocht siúd a fháil. Bhí triúr scoláire is tríocha ann idir na trí ghrúpa.

An turas i dtreo na Béaltrialach

Ar bhain tú taitneamh as an am a chaith tú sa seomra ranga (sa chúigiú agus sa séú bliain) ag ullmhú don Bhéaltriail? Ar spreag líon na marcanna - 40% - tú? Nó, ar chothaigh sé imní duit? Ar thaitin an bhéim ar labhairt na Gaeilge leat?[9]

PRÍOMHPHOINTÍ:

Chothaigh an Bhéaltriail agus an líon marcanna a bhí ag dul di an-chuid imní do na scoláirí ón scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla agus níor bhain siad mórán taitnimh as an bpróiseas ullmhúcháin i rith a gcúrsa staidéir, go háirithe an fhoghlaim de ghlanmheabhair a bhain leis na Sraitheanna Pictiúr. Níor chothaigh líon ard na marcanna don Bhéaltriail aon imní do scoláirí an Ghaelcholáiste ná na scoile Gaeltachta. Bhain siad taitneamh freisin as an bpróiseas ullmhucháin don triail seachas an t-ullmhúchán do na Sraitheanna Pictiúr.

I mbeagán focal, chothaigh an Bhéaltriail agus an líon marcanna a bhí ag dul di an-chuid imní do na scoláirí ón scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla agus níor bhain siad mórán taitnimh as an bpróiseas ullmhúcháin i rith a gcúrsa staidéir. Bhain sé seo leis an easpa úsáide a bhaineann siad as an nGaeilge ina saolta laethúla agus, go háirithe, leis an gcaoi ar bhraith siad go raibh orthu gach gné den ullmhúchán don Bhéaltriail a fhoghlaim de ghlanmheabhair, go háirithe na Sraitheanna Pictiúr. Labhair gach duine acu go diúltach, cáinteach faoi líon na Sraitheanna Pictiúr ab éigean dóibh a fhoghlaim de ghlanmheabhair.

Níor chothaigh líon ard na marcanna don Bhéaltriail aon imní do scoláirí an Ghaelcholáiste ná na scoile Gaeltachta. Maidir le spreagadh, bhí difríocht áirithe idir an dá scoil: dúirt scoláirí an Ghaelcholáiste nár spreag an 40% ró-mhór iad cé go ndúirt formhór lucht na scoile Gaeltachta go láidir gur spreag an 40% iad. Sa dá chomhthéacs, bhain na scoláirí an-taitneamh as a scileanna labhartha a léiriú do scrúdaitheoir. Bhain an dá chohórt taitneamh freisin as an bpróiseas ullmhúcháin don Bhéaltriail seachas, sa dá chas arís, an t-ullmhúchán do na Sraitheanna Pictiúr ar bhain foghlaim sainfhoclóra agus nathanna nach n-úsáidfidís go nádúrtha sa ghnáthchaint leis. Tugann Aguisín 7 cuntas iomlán ar na freagraí uile a sholáthair na scoláirí sa cheist seo.

Ullmhúchán

Inis dom conas a d'ullmhaigh tú don Bhéaltriail (a) sa seomra ranga agus (b) lasmuigh den seomra ranga araon?[10]

PRÍOMHPHOINTÍ:

Bhí difríocht shuntasach sa phróiseas ullmhúcháin idir an scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla agus an dá scoil eile. Bhain an chéad scoil úsáid as straitéisí foghlama éagsúla ar nós cleachtadh comhrá sa rang, ach ba í an fhoghlaim de ghlanmheabhair, go háirithe ó thaobh na Sraitheanna Pictiúr de, an modh foghlama ba choitianta a úsáideadh. I gcás an Ghaelcholáiste agus na scoile Gaeltachta, i ngeall ar líofacht na scoláirí, ní raibh an modh foghlama de ghlanmheabhair chomh leitheadúil céanna. Bhí sé in úsáid go pointe áirithe maidir leis na Sraitheanna Pictiúr ach is sainfhoclóir agus nathanna cainte saibhre a bhí á bhfoghlaim seachas sleachta iomlána nótaí do gach pictiúr.

9 Ceistanna ó ghrúpaí fócais le scoláirí

10 Ceist ó ghrúpaí fócais le scoláirí

Arís, bhí difríocht shuntasach sa phróiseas ullmhúcháin, go háirithe i gcomhthéacs an tseomra ranga, idir an scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla agus an dá scoil eile. Bhain an chéad scoil úsáid as straitéisí foghlama éagsúla lena n-áirítear cleachtadh comhrá i mbeirteanna sa rang, ceisteanna randamacha á gcur ag an múinteoir ar thopaicí éagsúla, srl. ach ba í an fhoghlaim de ghlanmheabhair, go háirithe ó thaobh na Sraitheanna Pictiúr de, an modh foghlama ba choitianta a úsáideadh. Lasmuigh den seomra ranga, mar ullmhúchán don scrúdú, úsáideadh an modh foghlama céanna leis an obair bhaile, go háirithe gar d'am na mBéaltrialacha.

I gcás an Ghaelcholáiste agus na scoile Gaeltachta, i ngeall ar chumas labhartha líofa na scoláirí, ní raibh modh foghlama na foghlama de ghlanmheabhair chomh leitheadúil céanna. Bhí an fhoghlaim de ghlanmheabhair in úsáid go pointe áirithe maidir leis na Sraitheanna Pictiúr ach is sainfhoclóir agus nathanna cainte saibhre a bhí á bhfoghlaim seachas sleachta iomlána nótaí do gach pictiúr. Caitheadh go leor ama ar na Sraitheanna Pictiur. Maidir leis an gComhrá, baineadh úsáid as foinsí comhaimseartha cosúil le www.tuairisc.ie chun cur lena gcuid eolais ar chúrsaí reatha agus leagadh béim ar struchtúir, ar leaganacha cainte agus ar shainfhoclóir a fhoghlaim a thacódh ní hamháin leis an mBéaltriail ach le Páipéar 1 freisin. Lasmuigh den seomra ranga, treisíodh an obair a bhí ar siúl sa seomra ranga leis an obair bhaile agus, gar d'am na mBéaltrialacha, chleachtaigh scoláirí i mbeirteanna, go háirithe na Sraitheanna Pictiúr. Tugann Aguisín 8 cuntas iomlán ar na freagraí uile a sholáthair na scoláirí sa cheist seo.

Comhairle

Dá mbeadh scoláire atá ag tosú amach ag tús an chúigiú nó an séú bliain ar scoil ag lorg comhairle uait maidir leis an mbealach is fearr le hullmhú don Bhéaltriail, cén sórt comhairle a thabharfá dó/di?[11]

Aontaíodh go forleathan i ngach scoil gur chóir tosú ag ullmhú ag tús an chúigiú bliain (tús na Sraithe Sinsearaí). Bhris an t-ullmhúchán seo síos ina dhá mhór-ghné: an t-ulmhúchán do na Sraitheanna Pictiúr agus úsáid níos rialta agus níos minicí na Gaeilge labhartha laistigh de agus lasmuigh den seomra ranga.

D'aontaigh gach scoláire sna scoileanna uile go molfaidís tosú ag ullmhú ag tús an chúigiú bliain (tús na Sraithe Sinsearaí), ag aithint, mar sin féin, go bhfuil sé deacair cur ina luí ar fhoghlaimeoirí, chomh luath sin sa phróiseas, an tábhacht a bhaineann leis seo. Bhris an t-ullmhúchán seo síos ina dhá mhór-ghné: an t-ulmhúchán do na Sraitheanna Pictiúr agus úsáid níos rialta agus níos minicí na Gaeilge labhartha laistigh de agus lasmuigh den seomra ranga. Tugann Aguisín 9 cuntas iomlán ar na freagraí uile a sholáthair na scoláirí sa cheist seo.

Deis labhartha

Ar thug an Bhéaltriail deis duit do scileanna labhartha a léiriú?[12]

PRÍOMHPHOINTÍ:

Dúirt formhór na scoláirí sna scoileanna go léir nár thug an Bhéaltriail deis chuí dóibh a scileanna labhartha a léiriú (aiseolas a bhréagnaigh torthaí an cheistneora). Sa scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla, i ngeall ar fhormhór ábhar na Béaltrialach a bheith foghlamtha de ghlanmheabhair, braitheadh díomá nach bhfuarthas deis níos mó den ábhar a bhí foghlamtha acu don chomhrá a thaispeáint.

Dúirt lucht an Ghaelcholáiste ach go háirithe go raibh sé míchothrom go raibh na Sraitheanna Pictiúr ar fáil roimh ré, rud a lig do chainteoirí i scoileanna Béarla gach rud a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus gnóthachtáil chomh maith céanna leo siúd a raibh inniúlacht láidir teanga labhartha acu.

Ba é an t-ábhar gearáin ba mhó a bhí ag lucht na scoile Gaeltachta ná an t-am ró-ghearr a mhair an Bhéaltriail.

Chothaigh an t-am gearr, gné na cuimhne, saorgacht phróiseas foghlama agus measúnaithe na Sraitheanna Pictiúr agus taifeadadh na Béaltrialach strus agus brú dóibh go léir agus níor breathnaíodh ar an uirlis mheasúnaithe seo mar dheis dóibh pé Gaeilge a bhí acu a thaispeáint.

11 Ceist ó ghrúpaí fócais le scoláirí

12 Ceist ó cheistneoir na scoláirí

Ar an iomlán, dúirt formhór na scoláirí sna scoileanna go léir nár thug an Bhéaltriail deis chuí dóibh a scileanna labhartha a léiriú. Sa scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla, i ngeall ar fhormhór ábhar na Béaltrialach a bheith foghlamtha de ghlanmheabhair agus i ngeall ar ghiorracht ama na Béaltrialach, braitheadh díomá nach bhfuarthas deis níos mó den ábhar a bhí foghlamtha acu don chomhrá a thaispeáint. Braitheadh freisin gur shainchineál Gaeilge a bhí in úsáid sna Sraitheanna Pictiúr agus nár thug an fhoghlaim riachtanach a bhain leis na Sraitheanna go léir deis dóibh Gaeilge 'nádúrtha' a úsáid. Chothaigh an t-am gearr, gné na cuimhne, saorgacht phróiseas foghlama agus measúnaithe na Sraitheanna Pictiúr agus taifeadadh na Béaltrialach strus agus brú dóibh go léir agus níor breathnaiodh ar an uirlis mheasúnaithe seo mar dheis dóibh pé Gaeilge a bhí acu a thaispeáint.

Dúirt lucht an Ghaelcholáiste ach go háirithe go raibh sé míchothrom go raibh na Sraitheanna Pictiúr ar fáil roimh ré, rud a lig do chainteoirí i scoileanna Béarla gach rud a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus gnóthachtáil chomh maith céanna leo siúd a bhí líofa sa teanga. Bhí siad míshásta leis an difríocht chaighdeáin i gcastacht ábhar na Sraitheanna Pictiúr agus leis an gcur chuige foirmleach a chuir siad i leith na gceisteanna a chuir an scrúdaitheoir. Mhol roinnt díobh Béaltriail ar leith dá leithéid siúd ina mbeadh na Sraitheanna Pictiúr neamhfheicthe ach go n-aithneofaí é sin le córas marcála éagsúil le, mar shampla, pointí breise cosúil le Tionsacadal Mata. Ba é an t-ábhar gearáin ba mhó a bhí ag lucht na scoile Gaeltachta ná an t-am ró-ghearr a mhair an Bhéaltriail. Mhol siadsan cúpla nóiméad breise don Bhéaltriail. Tugann Aguisín 10 cuntas iomlán ar na freagraí uile a sholáthair na scoláirí sa cheist seo.

Cad iad an dá rud is mó a mholfá leis an mBéaltriail a fheabhsú?[13]

Príomhmholtaí:

- Líon na Sraitheanna Pictiúr a ghearradh siar (scoil Bhéarla)
- Na Sraitheanna Pictiúr a bheith neamhfheicthe (Gaelcholáiste agus scoil Ghaeltachta)
- Measúnú leanunúach ar labhairt na Gaeilge
- Measúnú déanta ag an múinteoir Gaeilge, b'fhéidir i dteannta le scrúdaitheoir seachtrach
- In ionad léamh na filíochta, sliocht próis neamhfheicthe le léamh agus ceisteanna le freagairt air
- Na dánta a bheith neamhfheicthe
- Pictiúr le labhairt faoi[14]

Ar thug an Bhéaltriail aon scileanna breise duit - scileanna fadsaoil?[15]

Ní fhaca na scoláirí, beag beann ar chomhthéacs scoile, gur sholáthair an Bhéaltriail agus an próiseas ullmhucháin di mórán scileanna fadtéarmacha dóibh, inniúlacht Gaeilge labhartha ach go háirithe.[16]

13 Ceist ó ghrúpaí fócais na scoláirí

14 Feic Aguisín 11 do chuntas iomlán ar na freagraí uile a sholáthair na scoláirí sa cheist seo.

15 Ceist ó ghrúpaí fócais na scoláirí

16 Tugann Aguisín 12 cuntas iomlán ar na freagraí uile a sholáthair na scoláirí sa cheist seo.

Conclúidí

Ar an mórgóir, tá líon ard na marcanna atá ag dul don Bhéaltriail - 40% - ag cothú spreagtha seachas imní i measc scoláirí, go háirithe i gcás na scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. Tá múinteoirí agus scoláirí araon sásta, den chuid is mó, le líon na marcanna a bhronntar ar an mBéaltriail.

Is iad na Sraitheanna Pictiúr, áfach, an t-ábhar imní agus an chúis ghearáin is mó atá ag scoláirí agus ag múinteoirí araon - a mhéad díobh atá ann agus tuiscint na scoláirí go gcaithfear iad a fhoghlaim de ghlanmheabhair - go háirithe i measc na scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla. Tagraíodh freisin don éagsúlacht chastachta ábhair atá sna Sraitheanna agus don sainchineál teanga a shamhlaítear a bheith ag teastáil le labhairt faoi na Sraitheanna. Smachtaíonn na Sraitheanna an t-ullmhúchán don Bhéaltriail agus na cuir chuige theagaisc agus foghlama a bhíonn ar siúl sna scoileanna, beag beann ar chomhthéacs scoile. Tosaítear orthu ag tús an chúigiú bliain agus leantar leis an mór-obair seo go dtí aimsir na mBéaltrialacha. Cé go n-úsáidtear roinnt straitéisí gníomhacha, is í an fhoghlaim de ghlanmheabhair an modh foghlama is coitianta a úsáidtear maidir leis na Sraitheanna Pictiúr. Ardaíonn an toradh seo mórcheisteanna don chóras faoi éifeachtúlacht na Sraitheanna Pictiúr mar mhórghné den Bhéaltriail.

Foinse imní eile ab ea giorracht fhad na Béaltrialach féin agus a ghaire is a bhí sí do reáchtáil na mBéaltrialacha sna nua-theangacha eile. Tá tromlach na múinteoirí agus na scoláirí i bhfábhar Béaltriail a mhairfeadh cúpla nóiméad sa bhreis. Is amhlaidh a ligfeadh an cúpla nóiméad breise seo do na scoláirí a gcuid inniúlachta labhartha a léiriú níos fearr sa Chomhrá agus ligfeadh sé don Scrúdaitheoir éagsúlacht ceisteanna níos leithne a úsáid.

Baintear úsáid chomh fada agus is féidir as an nGaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla, taitníonn labhairt na Gaeilge leis na scoláirí ach is í an easpa deise an teanga a labhairt lasmuigh den seomra ranga an cosc is mó dóibh a bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha. Léiríonn an fhianaise seo an dúshlán breise atá ag scoláirí na scoileanna seo inniúlacht teanga labhartha a bhaint amach ag ardchaighdeán.

Tá múinteoirí míshásta leis an gcúrsa litríocha, go háirithe le hábhar an chúrsa. Sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, cáintear easpa dúshláin agus giorracht an chúrsa ach go háirithe. Léiríonn an géarcháineadh seo nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuid seo den chúrsa Gaeilge.

Tá an Bhéaltriail ag imirt tionchair áirithe - sna scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla amháin - ar líon na scoláirí atá ag roghnú an pháipéir Ardleibhéal. Freisin, tá Béaltriail na hArdteistiméireachta ag imirt tionchair áirithe ar líon na scoileanna atá ag déanamh na Béaltrialach Roghnaí ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh.

Is léir, ón bhfianaise a bailíodh, gur beag difríocht a sonraíodh idir tuairimí agus dearcthaí na scoláirí agus na múinteoirí, go háirithe i dtaobh an phróisis ullmhúcháin don Bhéaltriail, agus ardaíonn sé seo ceisteanna faoi spleáchas féideartha na scoláirí ar a gcuid múinteoirí.

Mar chríoch, i ngrúpaí fócais na múinteoirí, áit ar pléadh an cheist íogar maidir le dhá Bhéaltriail ar leith a bheith ann do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus dóibh siúd a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, is léir ón bhfianaise go bhfuil tuilleaadh taighde ag teastáil chun díriú isteach ar riachtanais na gcomhthéacsanna teangeolaíocha ar leith maidir le soláthar curaclaim agus cuir chuige measúnaithe chun dúshlán cuí a sholáthar do scoláirí (scoláirí chéad agus dara teanga, scoláirí Gaeltachta agus cainteoirí dúchais).

.

Impleachtaí

- Bhí ról lárnach ag 'Guth an Scoláire' sa taighde seo. Ní mór tuilleadh iniúchta agus béime a chur ar thábhacht 'Guth an Scoláire' in aon phróiseas athbhreithnithe curaclaim agus measúnachta a tharlódh amach anseo.
- Léiríodh an meon céanna i measc múinteoirí agus scoláirí i dtaobh fheidhm na Béaltrialach: leagadh an bhéim is láidre ar an bhfoghlaim réamhullmhaithe agus ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair. Tá an meon seo ag cothú cultúir agus cur chuige nach dtagann leis an mbéim atá ann go hidirnáisiúnta ar thábhacht na foghlama féin-riar i bpróiseas an tsealbhaithe teanga. Ardaíonn sé seo mórcheist faoi aidhm na foghlama teanga i gcoitinne, idir shealbhú teanga agus foghlaim dara teanga.
- Ón bhfianaise, ardaítear ceisteanna faoi éifeachtúlacht na Béaltrialach mar uirlis mheasúnaithe. An dtugann an Bhéaltriail deis chuí don scoláire a scileanna teanga agus cumarsáide a léiriú? An bhfuil bealaí measúnaithe ann a bheadh níos éifeachtúla chun tabhairt faoi seo? An féidir tástáil aon-uaire ar scil ar bith teanga a bheith iontaofa, bailí? An dtacaíonn sé leis an scoláire a chumasú le bheith ina b(h)all gníomhach den phobal teanga?[17] Is léir ón bhfianaise go bhfuil tuilleadh taighde ag teastáil chun díriú isteach ar riachtanais na gcomhthéacsanna teangeolaíocha ar leith maidir le soláthar curaclaim agus cuir chuige measúnaithe chun dúshlán cuí a sholáthar do scoláirí (scoláirí chéad agus dara teanga, scoláirí Gaeltachta agus cainteoirí dúchais). Éilíonn na ceisteanna seo breis taighde dóibh siúd atá ag plé le dearadh curaclaim agus measúnaithe, do lucht oideachais tosaigh múinteoirí, d'oideachasóirí agus do lucht déanta bheartas Stáit.

17 Feic: Aidhmeanna Ginearálta Shiollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta

Aguisíní

Aguisín 1

Ceistneoir na Múinteoirí

An Turas i dTreo na Béaltrialach

1. Roghnaigh comhthéacs do scoile:

☐ Scoil Ghaeltachta Aonad/Sruth Gaeilge ☐ Scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ☐ Gaelcholáiste

2. An gceapann tú go bhfuil aon tionchar ag an mBéaltriail ar an leibhéal páipéir a thógfaidh na scoláirí? Mar shampla, líon na marcanna atá ag dul di, an cineál measúnaithe atá ann, srl.) Cuir tic le haon bhosca a théann le do thaithí féin.

☐ Tugann sé spreagadh do níos mó díobh tabhairt faoin Ardleibhéal

☐ Tugann sé spreagadh do níos mó díobh tabhairt faoin nGnáthleibhéal seachas faoin Ardleibhéa

☐ Tugann sé spreagadh do níos mó díobh tabhairt faoin nGnáthleibhéal seachas faoin mBonnleibhéal

☐ Tugann sé spreagadh do níos mó díobh tabhairt faoin mBonnleibhéal seachas faoin nGnáthleibhéal

☐ Níl aon tionchar ag an mBéaltriail ar an rogha páipéir a thógfaidh na scoláirí

3. Tá codanna éagsúla sa Bhéaltriail: 1. Fáiltiú; 2. Léamh phíosa filíochta; 3. Sraith Pictiúr; 4. Comhrá Ginearálta. Cothaíonn an éagsúlacht seo:

Níos mó suime sna scoláirí a bheith ag staidéar agus ag ullmhú don Bhéaltriail

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Níos mó muiníne iontu ó thaobh gnóthachtála de

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Níos mó díograise iontu maidir le feabhas a chur ar a scileanna labhartha i gcoitinne, ní ar mhaithe le scrúduithe amháin

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

4. 4. Agus tú ag cothú scileanna labhartha na scoláirí agus á n-ullmhú don Bhéaltriail, cad iad na straitéisí teagaisc is mó a mbaineann tú úsáid astu sa seomra ranga Gaeilge? *Cuir tic le gach ceann a úsáideann tú.*

☐ Tugaim nótaí dóibh do na sraitheanna pictiúr agus spreagaim na scoláirí iad seo a fhoghlaim agus a chleachtadh

☐ Caitear an-chuid ama ar fhreagraí a ullmhú agus a chleachtadh do na ceisteanna a chuirtear sa Chomhrá Ginearálta

- ☐ Bainim úsáid rialta as straitéisí gníomhfhoghlama a chuireann an chumarsáid chun cinn in aon chuid den chúrsa, e.g. obair bheirte/ghrúpa a spreagann iad le teanga a tháirgeadh
- ☐ Taifeadaim na scoláirí go rialta agus iad ag caint agus seinnim na píosaí seo ar ais dóibh le tacú leo a gcuid scileanna labhartha a fhorbairt
- ☐ Ní cheadaítear ach Gaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc/foghlama an tseomra ranga Gaeilge

Aon straitéis eile a úsáideann tú nach bhfuil luaite

5. Tá 40% de na marcanna don Ghaeilge ag dul don Bhéaltriail. Ó do thaithí féin, cén tionchar atá aige seo ar mhothúcháin agus ar inspreagadh na scoláirí? Ná cuir tic ach le bosca amháin.

- ☐ Tugann an 40% inspreagadh dóibh
- ☐ Cuireann an 40% leis an imní a bhíonn orthu
- ☐ Ní dhéanann an 40% aon difríocht

6. Cuir tic le bosca amháin anseo:

- ☐ tá 40% iomarcach do Bhéaltriail Ghaeilge
- ☐ is é 40% an céadatán ceart do Bhéaltriail Ghaeilge
- ☐ b'fhearr liom dá mbeadh 50% ar fáil don Bhéaltriail
- ☐ ní cóir Béaltriail a bheith ann

Cén fáth?

7. Glactar leis go bhfuil gá le níos mó oibre agus ullmhúcháin lasmuigh den seomra ranga chun feabhas a chur ar scileanna labhartha seachas an méid is féidir a dhéanamh sa seomra ranga. An dóigh leat go gcaitheann scoláirí mórán ama air seo ina gcuid ama féin? Cuir tic le pé bosca is mó a théann le do thaithí air seo:

- ☐ Caitheann siad go leor ama air
- ☐ Caitheann siad roinnt ama air
- ☐ Is beag am a chaitheann siad

air

8. Tosaíodh ar ullmhú don Bhéaltriail ar scoil:

- ☐ Ag tús an cúigiú bliain
- ☐ Ag tús an séú bliain
- ☐ Am éigin i rith an cúigiú bliain
- ☐ Trí nó ceithre mhí roimh an mBéaltriail

9. Cé acu is mó anseo a dhéanann cur síos ar an gcaoi a dtugann tú faoin bpleanáil chun scileanna labhartha na scoláirí a chothú agus a fheabhsú don Bhéaltriail? (Má tá níos mó ná bosca amháin bainteach le hábhar, rátaigh iad de réir ábharthachta)

- ☐ Tá rang ar leith sa tseachtain againn sa séú bliain don obair labhartha agus ansin caithfear dianthréimse ar ullmhúchán i gcomhair na Béaltrialach níos gaire don
- ☐ Úsáidtear an Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc/foghlama sa seomra ranga Gaeilge agus seo an bealach a gcothaítear scileanna labhartha na scoláirí. Ansin caitear dianthréimse ar ullmhúchán i gcomhair na Béaltrialach níos gaire don am
- ☐ Déantar iarracht scileanna labhartha na scoláirí a fhorbairt mar chuid de gach rang Gaeilge trí straitéisí gníomhfhoghlama a úsáid chomh minic agus is féidir agus ansin caitear dianthréimse ar ullmhúchán i gcomhair na Bealtrialach níos gaire don a

Déanaimid an phleanáil ar bhealach eile:

10. Toisc go bhfuil 40% ag dul don Bhéaltriail, tá a lán ama ag teastáil le scileanna labhartha na scoláirí a chothú. Fós, tá go leor réimsí staidéir eile le déanamh mar chuid den chúrsa Gaeilge. Maidir leis na réimsí eile seo, cá bhfuil an chuid is mó den am á chaitheamh? (Cuir iad seo in ord 1 – 7, 1 leis an gcuid a gcaitear an méid is mó ama léi síos go 7 leis an gceann a gcaitear an méid is lú ama léi)

- ☐ an Cheapadóireacht (Aistí, Díospóireachtaí, srl.)
- ☐ an ghramadach agus cruinneas na Gaeilge
- ☐ an litríocht
- ☐ an Bhéaltriail
- ☐ an léamhthuiscint
- ☐ cothú scil na héisteachta
- ☐ gnéithe lasmuigh den 'chúrsa', e.g. litríocht, drámaíocht, stair na Gaeilge, gnéithe den chultúr, srl.

11. Tá líon mór marcanna ag dul don Bhéaltriail Ghaeilge. Fágann sé seo nach bhfuil dóthain ama ag múinteoirí le caitheamh ar réimsí eile an tSiollabais Ghaeilge agus cothaíonn sé brú i measc múinteoiri agus scoláirí araon

- ☐ Aontaím go láidir
- ☐ Aontaím
- ☐ Easaontaím
- ☐ Easaontaím go láidir

12. Toisc go bhfuil an méid sin marcanna, 40%, ag dul don Bhéaltriail, bhí gá le hathruithe a dhéanamh ar chodanna eile den chúrsa

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

An Bhéaltriail Féin

13. Tugann an Bhéaltriail deis chuí do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha sa Ghaeilge a léiriú

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

14. Maireann an Bhéaltriail thart ar 15 nóiméad. Tá sé seo:

☐ Far too long ☐ Just the right length ☐ Far too short
☐ On the long side ☐ On the short side

15. Tá dúshlán cuí ann don scoláire Gaeilge Ardteistiméireachta sa Bhéaltriail

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Cén fáth?

16. **An Fáiltiú**

Cabhraíonn sé leis na scoláirí socrú síos

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Níl aon ghá leis an bhFáiltiú

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Ní cóir aon mharc a bhronnadh ar an bhFáiltiú

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

17. **Léamh na Filíochta**

Is bealach maith é Léamh Filíochta le scileanna léitheoireachta, gné na foghraíochta agus tuiscint don teanga a thástáil agus, dá bharr sin, tá an chuid seo den Bhéaltriail tábhachtach

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

18. **An tSraith Pictiúr.**

Tugann an tSraith Pictiúr deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don scrúdaitheoir

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Ní cóir go mbeadh an tSraith Pictiúr feicthe ag na scoláirí roimh ré

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Conas a ullmhaíodh don tSraith Pictiúr?

☐ D'fhoghlaim na scoláirí nótaí de ghlanmheabhair ☐ Tumadh sa Ghaeilge agus cleachtadh

☐ Meascán den dá rud

19. **An Comhrá Ginearálta**

Tugann an Comhrá Ginearálta deis mhaith do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a thaispeáint don scrúdaitheoir

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Conas a ullmhaíodh don Chomhrá Ginearálta?

☐ D'fhoghlaim na scoláirí ábhar/freagraí de ghlanmheabhair ☐ Tumadh sa Ghaeilge agus cleachtadh

☐ Meascán den dá rud

An bhfuil aon chuir chuige eile ann ar chóir úsáid a bhaint astu??

20. Is uirlis mheasúnaithe an Bhéaltriail Ghaeilge a thástálann inniúlacht labhartha na scoláirí sa Ghaeilge. Cad iad an dá rud is mó a mholfá leis an mBéaltriail a dhéanamh

1.

2.

Leas Fadtéarmach

21. Cuidíonn an Bhéaltriail Ghaeilge agus an próiseas foghlama/ullmhúcháin don Bhéaltriail le scoláirí an Ghaeilge labhartha a shealbhú ar bhonn fadtéarmach, .i. ní hamháin ar mhaithe le scrúdú na hArdteistiméireachta

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

22. Cothaíonn an Bhéaltriail agus an próiseas foghlama/ullmhúcháin don Bhéaltriail scileanna agus buanna eile sna scoláirí a chabhróidh leo ina saolta amach anseo e.g. comhoibriú le daoine eile, cumas cumarsáide, cruthaitheacht, srl.

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Cén fáth?

Go raibh mile maith agat as na ceisteanna seo go léir a fhreagairt!

Aguisín 2

Na grúpaí fócais

1. Tá 40% de na marcanna don Ghaeilge ag dul don Bhéaltriail. Iarradh ort sa cheistneoir labhairt faoin tionchar atá aige seo – an 40% - ar mhothúcháin agus ar inspreagadh na scoláirí. Ar mhaith leat níos mó a rá faoi sin? (Ceistneoir: Tugann an 40% inspreagadh dóibh/Cuireann an 40% leis an imní a bhíonn orthu/ní dhéanann an 40% aon difríocht)

2. 2. Iarradh ort sa cheistneoir labhairt faoin gcaoi a dtugann tú faoin bpleanáil chun scileanna labhartha na scoláirí a chothú agus fheabhsú don Bhéaltriail? (Ceistneoir: Tá rang ar leith sa tseachtain againn sa séú bliain don obair labhartha agus ansin caithfear dianthréimse ar ullmhúchán i gcomhair na Béaltrialach níos gaire don am/ Úsáidtear an Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc/foghlama sa seomra ranga Gaeilge. Ansin caitear dianthréimse ar ullmhúchán i gcomhair na Béaltrialach níos gaire don am/Déantar iarracht scileanna labhartha na scoláirí a fhorbairt mar chuid de gach rang Gaeilge trí straitéisí gníomhfhoghlama a úsáid chomh minic agus is féidir agus ansin caithfear dianthréimse ar ullmhúchán i gcomhair na Béaltrialach níos gaire don am. Ar mhaith leat tuilleadh a rá faoi sin?

3. Is uirlis mheasúnaithe an Bhéaltriail Ghaeilge a thástálann inniúlacht labhartha na scoláirí sa Ghaeilge.

   An aontaíonn tú leis seo? ☐ Tá ☐ Uimh

   Cad iad an dá rud is mó a mholfá leis an mBéaltriail a dhéanamh níos éifeachtaí fós mar uirlis?

   1.

   2.

4. Ceann de na spriocanna atá ag an mBéaltriail agus ag an bpróiseas foghlama/ullmhúcháin don Bhéaltriail ná go gcuideoidís le scoláirí an Ghaeilge labhartha a shealbhú ar bhonn fadtéarmach, .i. ní hamháin ar mhaithe le scrúdú na hArdteistiméireachta.

   An aontaíonn tú leis seo? ☐ Tá ☐ Uimh

   Cad faoi scileanna agus buanna eile, e.g. scileanna cumarsáide i gcoitinne, cruthaitheacht, srl.

5. An gceapann tú go bhfuil aon tionchar ag an mBéaltriail ar an leibhéal páipéir a thógfaidh na scoláirí? (Mar shampla, líon na marcanna atá ag dul di, an cineál measúnaithe atá ann, srl.) An bhfuil tú féin á spreagadh leibhéal páipéir ar leith a thógáil?

6. Tá líon mór marcanna ag dul don Bhéaltriail Ghaeilge. Cén tionchar atá aige seo ar ghnéithe eile an chúrsa/an tSiollabais Ghaeilge?

7. An raibh aon tionchar, i do scoil féin, ag na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm sa Bhéaltriail le blianta beaga anuas ar an mBéaltriail Roghnach don Teastas Sóisearach, .i. ar spreag sé sibh le tabhairt fúithi?

Aguisín 3

Ceistneoir na Scoláirí

An Turas i dTreo na Béaltrialach

1. Roghnaigh comhthéacs do scoile:

☐ Scoil Ghaeltacht Aonad/ Sruth Gaeilge ☐ Gaelcholáiste ☐ Scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla

2. Spreag an Bhéaltriail mé an leibhéal páipéir seo a leanas a roghnú:

☐ Ardleibhéal ☐ Bonnleibhéal

☐ Gnáthleibhéal ☐ Ní raibh aon tionchar aige orm

3. Bhain mé taitneamh as an am a chaith mé sa seomra ranga ag ullmhú don Bhéaltriail

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

4. Tá codanna éagsúla sa Bhéaltriail: 1. Fáiltiú; 2. Léamh phíosa filíochta; 3. Sraith Pictiúr; 4.Comhrá Ginearálta. Chothaigh an éagsúlacht seo:

Níos mó suime ionam a bheith ag staidéar agus ag ullmhú don Bhéaltriail

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Níos mó muiníne ionam ó thaobh gnóthachtála de

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Níos mó díograise ionam maidir le feabhas a chur ar mo scileanna labhartha i gcoitinne, ní ar mhaithe le scrúduithe amháin

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

5. Níorbh ionann an chaoi ar mhúin agus ar oibrigh an múinteoir linn fad a bhíomar ag ullmhú don Bhéaltriail agus an chaoi ar mhúin agus ar oibrigh sé/sí linn i réimsí eile den chúrsa (mar shampla, an páipéar scríofa)/

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

6. Ag iompú ar an gcineál ullmhúcháin a rinneadh ar scoil don tSraith Pictiúr, freagair na ceisteanna seo a leanas, le do thoil

   Chothaigh an cineál ullmhúcháin a rinne mé don tSraith Pictiúr

   Níos mó suime ionam a bheith ag staidéar don chuid seo den Bhéaltriail

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

   Níos mó muiníne ionam ó thaobh gnóthachtála de sa chuid seo den Bhéaltriail

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

   Níos mó díograise ionam maidir le feabhas a chur ar mo scileanna labhartha i gcoitinne, ní ar mhaithe leis an gcuid seo den Bhéaltriail amháin

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

7. **An Comhrá Ginearálta: Chothaigh an cineál ullmhúcháin a rinne mé don Chomhrá Ginearálta**

   Níos mó suime ionam a bheith ag staidéar don chuid seo den Bhéaltriail

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

   Níos mó muiníne ionam ó thaobh gnóthachtála de sa chuid seo den Bhéaltriail

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

   Níos mó díograise ionam maidir le feabhas a chur ar mo scileanna labhartha i gcoitinne, ní ar mhaithe leis an gcuid seo den Bhéaltriail amháin

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

8. Tá 40% de na marcanna don Ghaeilge ag dul don Bhéaltriail. Maidir leis an 40% seo:

   Thug an 40% seo spreagadh dom

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

   Chuir an 40% leis an imní a bhí orm

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

   the 40% didn't impact at all

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

9. Tá ceithre ghné i gceist le teanga: éisteacht, léamh, labhairt agus scríobh. Dá bharr sin, is ceart an rud é 40% a bhronnadh ar an mBéaltriail

   ☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Cén fáth go gceapann tú é seo?/

10. Rátaigh an iarracht a rinne tú do scileanna teanga labhartha a chur chun cinn lasmuigh den seomra ranga

☐ Tréan-iarracht ☐ Measartha ☐ Iarracht lag ☐ Ní dhearna mé aon iarracht

11. Thosaíomar ag ullmhú don Bhéaltriail ar scoil: (cuir tic le bosca amháin)

☐ Ag tús an cúigiú bliain ☐ Ag tús an séú bliain

☐ Am éigin i rith an cúigiú bliain ☐ Trí/ceithre mhí roimh an mBéaltriail

12. Rátaigh an méid ama a caitheadh ar scoil ag forbairt agus ag cothú scileanna labhartha sa Ghaeilge

☐ A lán ama ☐ Roinnt ama ☐ Níor caitheadh mórán ama beag ama a caitheadh

13. Rátaigh ó 1 go 7 an méid ama a caitheadh ar na codanna éagsúla den chúrsa (1 leis an gcuid ar caitheadh an méid is mó ama léi síos go 7 leis an gceann ar caitheadh an méid is lú ama léi):

— an Cheapadóireacht (Aistí, Díospóireachtaí, srl.)
— an ghramadach agus cruinneas na Gaeilge
— an litríocht (prós agus filíocht)
— an Bhéaltriail
— an léamhthuiscint
— cothú scil na héisteachta
— gnéithe lasmuigh den 'chúrsa', e.g. litríocht, drámaíocht, stair na Gaeilge, gnéithe den chultúr, srl

14. Rátaigh an dúshlán a chuireann an cúrsa Gaeilge fút

☐ Dúshlán láidir ☐ Dúshlán cuí ☐ Easpa dúshláin

15. An dteastaíonn dúshlán níos mó uait?/

☐ Teastaíonn ☐ Ní theastaíonn ☐ B'fhéidir

An Bhéaltriail Féin

16. Thug an Bhéaltriail deis dom mo scileanna labhartha sa Ghaeilge a léiriú

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

17. Maireann an Bhéaltriail thart ar 15 nóiméad. Tá sé seo

☐ I bhfad ró-fhada ☐ Díreach an fad ceart ☐ I bhfad ró-ghearr

☐ Fada go leor ☐ Gearr go leor

18. Maidir le mo Bhéaltriail féin

☐ Bhí dúshlán cuí ann ☐ Ní raibh dóthain dúshláin ann ☐ Bhí sé ródhúshlánach

19. **An Fáiltiú**

Chabhraigh sé liom socrú síos

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Níl aon ghá leis an bhFáiltiú

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Ní cóir aon mharc a bhronnadh ar an bhFáiltiú

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

20. **Léamh na Filíochta**

Is bealach maith é Léamh Filíochta le scileanna léitheoireachta, fuaimniú na bhfocal agus tuiscint don teanga a thástáil agus, dá bharr sin, tá an chuid seo den Bhéaltriail tábhachtach/

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

21. **An tSraith Pictiúr**

Thug an tSraith Pictiúr deis mhaith dom mo scileanna labhartha a thaispeáint don scrúdaitheoir./

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

Ní cóir go mbeadh an tSraith Pictiúr feicthe agam roimh ré

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

22. Conas a d'ullmhaigh tusa don tSraith Pictiúr?

☐ D'fhoghlaim mé de ghlanmheabhair iad ☐ Tumadh sa Ghaeilge agus cleachtadh ☐ Meascán den dá rud

23. Anois go bhfuil an Bhéaltriail thart, cén tuairim atá agat faoin mbealach is fearr le hullmhú don tSraith Pictiúr

☐ Foghlaim de ghlanmheabhair iad ☐ Tumadh sa Ghaeilge agus cleachtadh ☐ Meascán den dá rud

Inis níos mó

24. **An Comhrá Ginearálta.**

Thug an Comhrá Ginearálta deis mhaith dom mo scileanna labhartha a thaispeáint don scrúdaitheoir

☐ Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir

